**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*

**2022/0115(COD)**

26.1.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle
(COM(2022)0174 – C9-0148/2022 – 2022/0115(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Dita Charanzová



*Aontaithe san éagsúlacht*

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

An 13 Aibreán 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh reachtaíocht chun córas Tásc Geografach (GI) a chruthú chun táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint a bhfuil nasc sonrach ag a gcáilíochtaí leis an áit ina ndéantar iad. Is mór iad na huaillmhianta atá sa togra seo, ós rud é go bhféachann siad le cearta maoine intleachtúla a chosaint do na táirgí sonracha sin ar fud an Aontais, agus beartais á saothrú acu lena gcuirtear faisnéis iontaofa ar fáil do thomhaltóirí agus lena dtugtar cumhacht do ghnólachtaí áitiúla. Laistigh den chreat sin, déantar bearta freisin chun gníomhú i gcoinne táirgí bréige agus cleachtais tráchtála éagóracha, lena n-áirítear ar líne, agus ag an am céanna a chur ar chumas GInna ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad rochtain a fháil ar chosaint tásc geografach laistigh den Aontas.

Mar Rapóirtéir, molaim spiorad foriomlán agus aidhmeanna an togra seo, lena bhféachtar le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chur ar chomhchéim le tásca geografacha faoi chosaint atá ann cheana sa limistéar talmhaíochta. Tá sé tábhachtach, áfach, díriú ar chur chuige cúramach chun na cuspóirí ginearálta a bhaint amach gan difear a dhéanamh d'iomaíocht chóir do tháirgeoirí, do mhargadh inmheánach an Aontais nó do thrádáil idirnáisiúnta. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach freisin nach gcruthóidh an togra seo ualach maorlathach breise ar FBManna trí phróisis chasta ó thaobh nósanna imeachta clárúcháin, oibleagáidí tuairiscithe nó comhordú sceideal ama do chomhlachtaí cigireachta, go háirithe i mBallstáit bheaga. Beidh sé ina phríomhphointe domsa i mo ról mar Rapóirtéir an t-ualach maorlathach a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Maidir lenár ngnólachtaí, féachtar leis an dréacht-tuairim seo le nósanna imeachta malartacha cothroma agus comhréireacha a chur ar fáil do ghrúpaí táirgeoirí chun a gcuid táirgí a chosaint trí thásc geografach, chun tacú le FBManna trína n-iomaíochas sa mhargadh inmheánach a neartú agus trína n-infheictheacht agus creidiúnacht níos airde i measc tomhaltóirí a sholáthar dóibh. Thairis sin, féachtar léi freisin le cosaint tomhaltóirí a neartú agus le ráthaíocht a thabhairt do thomhaltóirí maidir le saintréithe sonracha táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, comhlíonadh airíonna an táirge arna ainmniú ag tásc geografach.

Ar chúiseanna stairiúla, féadfar níos mó ná teanga amháin a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar tháirgí áirithe ar cheart iad a chosaint le tásc geografach. Féachtar leis an tuairim seo an méid sin a chur san áireamh trí chosaint GI a cheadú d'ainmneacha breise don réimse céanna cosanta. Ina theannta sin, feabhsaíodh dréachtú an togra nuair is gá chun a áirithiú nach mbeidh aon léirmhínithe éagsúla ann agus chun a áirithiú go dtacófar le reachtóireacht níos fearr.

Ní mór dúinn na pointí cóineasaithe a chur san áireamh chun comhleanúnachas leis na huirlisí agus an reachtaíocht atá ann cheana a áirithiú. Ar deireadh, ní féidir béim a leagan ar a thábhachtaí atá comhtháthú an Mhargaidh Aonair Eorpaigh - ó thaobh tairbhí eacnamaíocha agus tomhaltóirí dár saoránaigh - ag croílár an togra seo.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Le blianta fada, tá cosaint ar thásca geografacha bunaithe ar leibhéal an Aontais d‘fhíonta, do dheochanna biotáilleacha[6], d’fhíonta cumhraithe[7], mar a shainmhínítear iad ar leibhéal an Aontais, chomh maith le táirgí talmhaíochta agus earraí bia[8], mar atá cosanta ar leibhéal an Aontais. Is iomchuí cosaint a thabhairt do thásca geografacha ar fud an Aontais i ndáil le táirgí nach dtagann faoi raon feidhme na rialachán atá ann cheana, agus cóineasú á áirithiú ag an am céanna, agus é mar aidhm leis éagsúlacht mhór táirgí ***ceirde*** agus tionsclaíocha a chuimsiú, amhail clocha nádúrtha, seodra, teicstílí, lása, sceanra, gloine agus poirceallán. | (3) Le blianta fada, tá cosaint ar thásca geografacha bunaithe ar leibhéal an Aontais d’fhíonta, do dheochanna biotáilleacha[6], d’fhíonta cumhraithe[7], mar a shainmhínítear iad ar leibhéal an Aontais, chomh maith le táirgí talmhaíochta agus earraí bia[8], mar atá cosanta ar leibhéal an Aontais. Is iomchuí cosaint a thabhairt do thásca geografacha ar fud an Aontais i ndáil le táirgí nach dtagann faoi raon feidhme na rialachán atá ann cheana, agus cóineasú á áirithiú ag an am céanna, agus é mar aidhm leis éagsúlacht mhór táirgí ***ceardaíochta*** agus tionsclaíocha a chuimsiú, amhail clocha nádúrtha, ***saothar adhmaid,*** seodra, teicstílí, lása, sceanra, gloine***, uirlisí ceoil, earraí leathair, gallúnacha*** agus poirceallán. |
| [6] Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1). | [6] Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1). |
| [7] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle | [7] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle |

| | |
|---|---|
| (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).<br>[8] Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1). | (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).<br>[8] Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Le cosaint aonadach ar fud an Aontais do na cearta maoine intleachtúla a bhaineann le tásca geografacha, féadfar rannchuidiú le dreasachtaí do tháirgeadh táirgí cáilíochta, le hinfhaighteacht fhorleathan na dtáirgí sin do thomhaltóirí agus le cruthú post luachmhar agus inbhuanaithe lena n-áirítear i réigiúin tuaithe agus i réigiúin thearcfhorbartha. Go háirithe i bhfianaise acmhainneacht na dtásc geografach rannchuidiú le poist inbhuanaithe ardoilte i réigiúin tuaithe agus i réigiúin lagfhorbartha, ba cheart é a bheith d'aidhm ag táirgeoirí cion suntasach de luach an táirge arna ainmniú ag tásc geografach a chruthú laistigh den limistéar geografach sainithe. | (5) Le cosaint aonadach ar fud an Aontais do na cearta maoine intleachtúla a bhaineann le tásca geografacha, féadfar rannchuidiú le dreasachtaí do tháirgeadh táirgí cáilíochta, le hinfhaighteacht fhorleathan na dtáirgí sin do thomhaltóirí agus le cruthú post luachmhar agus inbhuanaithe lena n-áirítear i réigiúin tuaithe agus i réigiúin thearcfhorbartha. Go háirithe i bhfianaise acmhainneacht na dtásc geografach rannchuidiú le poist inbhuanaithe ardoilte i réigiúin tuaithe agus i réigiúin lagfhorbartha, ba cheart é a bheith d'aidhm ag táirgeoirí cion suntasach de luach an táirge arna ainmniú ag tásc geografach a chruthú laistigh den limistéar geografach sainithe. ***Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh na cumhachtaí agus na freagrachtaí is gá ag táirgeoirí, ag gníomhú dóibh le chéile, a dtásc geografach a bhainistiú, lena n-áirítear, más gá, freagairt d'éilimh shochaíocha ar tháirgí a thagann as táirgeacht inbhuanaithe sna trí réimse de luach eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta, agus chun oibriú sa mhargadh.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Is minic a bhíonn déanamh táirgí atá nasctha go geografach bunaithe ar fhios gnó áitiúil agus leanann sé modhanna táirgthe áitiúla atá fréamhaithe in oidhreacht chultúrtha agus shóisialta réigiún baile na dtáirgí sin. Le cosaint éifeachtúil ar mhaoin intleachtúil, d'fhéadfaí cur le brabúsacht mhéadaithe agus le tarraingteacht na ngairmeacha traidisiúnta ceardaíochta. Aithnítear cosaint a thabhairt do thásca geografacha ar leith ionas go ndéanfar an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a fhorbairt sna limistéir thalmhaíochta, cheardaíochta agus thionsclaíocha araon. Ba cheart nósanna imeachta éifeachtúla a bhunú chun tásca geografacha de chuid an Aontais a chlárú lena gcosnófar ainmneacha táirgí ***ceirde*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha, agus a chuireann sonraíochtaí réigiúnacha agus áitiúla san áireamh. Ba cheart a áirithiú le córas na dtásc geografach do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha go ndéanfar na traidisiúin táirgthe agus margaíochta a chothabháil agus a fheabhsú. | (7) Is minic a bhíonn déanamh táirgí atá nasctha go geografach bunaithe ar fhios gnó áitiúil agus leanann sé modhanna táirgthe áitiúla atá fréamhaithe in oidhreacht chultúrtha agus shóisialta réigiún baile na dtáirgí sin. Le cosaint éifeachtúil ar mhaoin intleachtúil, d'fhéadfaí cur le brabúsacht mhéadaithe agus le tarraingteacht na ngairmeacha traidisiúnta ceardaíochta. Aithnítear cosaint a thabhairt do thásca geografacha ar leith ionas go ndéanfar an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a fhorbairt sna limistéir thalmhaíochta, cheardaíochta agus thionsclaíocha araon. Ba cheart nósanna imeachta éifeachtúla a bhunú chun tásca geografacha de chuid an Aontais a chlárú lena gcosnófar ainmneacha táirgí ***ceardaíochta*** agus tionsclaíocha, agus a chuireann sonraíochtaí réigiúnacha agus áitiúla san áireamh. Ba cheart a áirithiú le córas na dtásc geografach do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha go ndéanfar na traidisiúin táirgthe agus margaíochta a chothabháil agus a fheabhsú. ***Chun lamháil do sheachadadh ó ghlúin go glúin, ba cheart 30 bliain ar a laghad a bheith sa tréimhse a lamhálann seachadadh idir na glúnta agus féadfaidh an úsáid sin glacadh le modhnuithe a bhfuil gá leo mar gheall ar athrú sna cleachtais sláinteachais agus sábháilteachta.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(9) Chun foráil a dhéanamh maidir le cumhdach iomlán a dhéanamh ar árthaí agus ar tháirgí tionsclaíocha atá incháilithe chun tásca geografacha a*** | ***scriosta*** |

***chosaint (i.e. iad siúd a bhfuil saintréithe, tréithe nó clú acu a bhfuil baint acu lena n-ionad táirgthe nó monaraíochta), ní mór raon feidhme an Rialacháin seo a chinneadh i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, eadhon, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid na hAinmníochta Comhcheangailte a bhunú trí thagairt dhíreach a dhéanamh d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 2658/87 ón gComhairle[10]. Áirithítear leis an gcur chuige sin go mbeidh comhleanúnachas ann le raon feidhme an Rialacháin athbhreithnithe maidir le tásca geografacha i gcás táirgí talmhaíochta, bia-ábhar, fíona agus biotáillí.***

***[10] Rialachán (CEE) Uimh. 2685/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus le Rialachán na Comhtharaife Custaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(9 a) Mar gheall ar imeachtaí stairiúla agus ar ghluaiseacht daoine, tá athrú tagtha le himeacht ama ar ainmneacha agus ar theangacha na limistéar geografach. Mar thoradh air sin, tá roinnt táirgí réigiúnacha ar eolas faoi ainmneacha nua-aimseartha agus stairiúla araon. Mar sin, féadfaidh cosaint GI do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha incháilithe úsáid ainmneacha, siombailí agus tréithe eile atá nua-aimseartha agus stairiúla a chumhdach chomh fada agus a bhíonn siad araon ar eolas go coitianta agus in úsáid chun an táirge a shainaithint.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ***I gcás inarb infheidhme, cuirfear an fhaisnéis atá sa*** doiciméad aonair ar ***fáil tríd an bPas Digiteach do Tháirgí mar a leagtar amach sa Rialachán*** lena ***mbunaítear creat do cheanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE***. | (12) ***Is minic a bhíonn micreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga agus meánmhéide ag streachailt le cúraimí riaracháin, agus dá bhrí sin ba cheart do na húdaráis inniúla an*** doiciméad aonair ***a tharraingt suas dóibh*** ar ***bhonn a sonraíochtaí táirge agus é a sheoladh chucu*** lena ***fhormheas***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit táille chlárúcháin a ghearradh chun na costais a bhaineann le bainistiú ***an chórais tásc*** geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chumhdach. Ba cheart do na Ballstáit táillí ***níos ísle*** a ghearradh ***ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga nó ar fhiontair mheánmhéide*** (MFBManna). Níor cheart don Oifig táille a ghearradh as próiseas iarratais an Aontais a bhainistiú. Ba cheart***, áfach, go mbeadh an deis ag an*** Oifig táille a ghearradh ***as an gclárú*** díreach. Sa chás sin, ba cheart na táillí a ghearrann an Oifig a leagan síos trí ghníomh cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. | (13) Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit táille chlárúcháin a ghearradh chun na costais a bhaineann le bainistiú ***chóras na dtásc*** geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chumhdach. Ba cheart do na Ballstáit táillí ***forchéimnitheacha*** a ghearradh***, agus cás na micrifhiontar, na bhfiontar beag nó meánmhéide*** (MFBManna) ***á chur san áireamh, ionas go mbeidh rochtain iomlán acu ar chosaint tásc geografach agus ar choimirciú a gceart maoine intleachtúla***. Níor cheart don Oifig táille a ghearradh as próiseas iarratais an Aontais a bhainistiú. ***Mar sin féin,*** ba cheart ***don*** Oifig táille a ghearradh ***ar nósanna imeachta a bhaineann le clárú*** díreach***, le hiarratais tríú tír agus le hachomhairc***. Sa chás sin, ba cheart na táillí a ghearrann an Oifig a leagan síos trí ghníomh cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa |

agus ón gComhairle[14].

[14] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

[14] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 a) Ba cheart do na Ballstáit mionsonraí a bhunú maidir le nós imeachta na céime náisiúnta, ach ní mór inghlacthacht an chur i gcoinne agus na cúiseanna le diúltú do chlárú táisc gheografaigh a ailíniú leis na cinn ar chéim an Aontais.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 b) I bhfianaise na n-acmhainní teoranta atá ar fáil do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide le haghaidh cúraimí riaracháin, ba cheart do na húdaráis an tacaíocht agus an cúnamh airgeadais uile is gá a chur ar fáil dóibh le linn an phróisis clárúcháin.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) ***[Airteagal 16]*** Chun cáiliú do chosaint sna Ballstáit, níor cheart tásca geografacha a chlárú ach ar leibhéal an Aontais amháin. Le héifeacht ó dháta an iarratais ***chuig an gCoimisiún chun clárú*** ar leibhéal an Aontais, áfach, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann cosaint ***idirthréimhseach*** a dheonú ar an leibhéal náisiúnta gan difear a dhéanamh ***don*** mhargadh inmheánach nó don trádáil idirnáisiúnta. Ba cheart an chosaint a thugtar ***faoin*** Rialachán seo ***tráth an chlárúcháin*** a bheith ar fáil gan idirdhealú do thásca geografacha tríú tíortha***, ar*** tásca ***iad*** a chomhlíonann na critéir chomhfhreagracha agus atá faoi chosaint ina dtír thionscnaimh. Ba cheart don ***Choimisiún*** na nósanna imeachta comhfhreagracha um thásca geografacha de thionscnamh tríú tíortha a chur i gcrích. | (14) Chun cáiliú do chosaint sna Ballstáit, níor cheart tásca geografacha a chlárú ach ar leibhéal an Aontais amháin. Le héifeacht ó dháta an iarratais ar ***chlárú den sórt sin ar*** leibhéal an Aontais, áfach, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann cosaint ***shealadach*** a dheonú ar an leibhéal náisiúnta gan difear a dhéanamh ***d'iomaíocht chóir do tháirgeoirí, do*** mhargadh inmheánach ***an Aontais*** nó don trádáil idirnáisiúnta. Ba cheart an chosaint a thugtar ***leis an*** Rialachán seo ***tar éis clárúcháin*** a bheith ar fáil gan idirdhealú do thásca geografacha tríú tíortha ***a aithníonn agus a fhorfheidhmíonn*** tásca ***geografacha an Aontais agus*** a chomhlíonann na critéir chomhfhreagracha agus atá faoi chosaint ina dtír thionscnaimh. Ba cheart don ***Oifig*** na nósanna imeachta comhfhreagracha um thásca geografacha de thionscnamh tríú tíortha a chur i gcrích. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Na nósanna imeachta um chlárúchán, um leasúcháin ar an tsonraíocht táirge ***agus*** um an gclárú a chur ar ceal i leith ***tásc geografach*** arna dtionscnamh san Aontas, ***lena n-áirítear nósanna imeachta freasúra,*** ba cheart do na Ballstáit agus don ***Choimisiún*** iad a dhéanamh. Ba cheart na Ballstáit agus an ***Coimisiún*** a bheith freagrach as céimeanna ar leithligh ***de gach nós*** imeachta. Ba cheart na Ballstáit a bheith freagrach as an gcéad chéim ***den nós imeachta***, arb éard atá inti an t-iarratas a fháil ***ón ngrúpa*** | (15) Na nósanna imeachta um chlárúchán, um leasúcháin ar an tsonraíocht táirge***,*** um an gclárú a chur ar ceal ***agus um achomhairc*** i leith ***tásca geografacha*** arna dtionscnamh san Aontas ***faoin Rialachán seo***, ba cheart do na Ballstáit agus don ***Oifig*** iad a dhéanamh. Ba cheart na Ballstáit agus an ***Oifig*** a bheith freagrach as céimeanna ar leithligh ***na nósanna*** imeachta. Ba cheart na Ballstáit a bheith freagrach as an gcéad chéim, arb éard atá inti an t-iarratas a fháil ***ó na hiarratasóirí***, measúnú a dhéanamh |

***táirgeoirí***, measúnú a dhéanamh air, ***lena n-áirítear*** nós imeachta freasúra náisiúnta a reáchtáil, agus, ***tar éis torthaí an mheasúnaithe*** a fháil, ***iarratas an Aontais a chur faoi bhráid an Choimisiúin***. Ba cheart go mbeadh an Oifig freagrach as scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais sa dara céim den nós imeachta, as an nós imeachta freasúra domhanda a reáchtáil agus as cinneadh a dhéanamh maidir le cosaint an táisc gheografaigh a dheonú nó a dhiúltú. Ba cheart don Oifig na nósanna imeachta comhfhreagracha a chur i gcrích maidir le tásca geografacha de thionscnamh tríú tíortha, gan dochar don nós imeachta clárúcháin dhírigh.

air, ***an*** nós imeachta freasúra náisiúnta a reáchtáil, agus, ***ar mheasúnú dearfach*** a fháil, ***na torthaí agus an t-iarratas a sheoladh chun na hOifige***. Ba cheart go mbeadh an Oifig freagrach as scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais sa dara céim den nós imeachta, as an nós imeachta freasúra domhanda a reáchtáil agus as cinneadh a dhéanamh maidir le cosaint an táisc gheografaigh a dheonú nó a dhiúltú. Ba cheart don Oifig na nósanna imeachta comhfhreagracha a chur i gcrích maidir le tásca geografacha de thionscnamh tríú tíortha, gan dochar don nós imeachta clárúcháin dhírigh. ***Ba cheart na costais oibriúcháin a eascraíonn as na cúraimí a chuirtear de chúram ar an Oifig leis an Rialachán seo a chumhdach le buiséad oibríochtúil na hOifige.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (16) Chun bainistiú iarratais GI ag údaráis náisiúnta a éascú, ba cheart go mbeadh dhá Bhallstát nó níos mó in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) comhoibriú i mbainistiú chéim náisiúnta na nósanna imeachta, lena n-áirítear na nósanna imeachta sin maidir le clárú, scrúdú, cur i gcoinne náisiúnta, iarratas Aontais a chur faoi bhráid na hOifige, leasuithe ar shonraíocht táirge agus an clárú a chur ar ceal, agus (ii) a chinneadh go mbainisteoidh ceann acu na nósanna imeachta sin thar ceann an Bhallstáit nó na mBallstát eile lena mbaineann freisin. Sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit ***go léir lena mbaineann*** an Coimisiún a chur ar an eolas gan mhoill***, agus an fhaisnéis is gá á cur ar fáil acu***. | (16) Chun bainistiú iarratais GI ag údaráis náisiúnta a éascú, ba cheart go mbeadh dhá Bhallstát nó níos mó in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) comhoibriú i mbainistiú chéim náisiúnta na nósanna imeachta, lena n-áirítear na nósanna imeachta sin maidir le clárú, scrúdú, cur i gcoinne náisiúnta, iarratas ***an*** Aontais a chur faoi bhráid na hOifige, leasuithe ar shonraíocht táirge agus an clárú a chur ar ceal, agus (ii) a chinneadh go mbainisteoidh ceann acu na nósanna imeachta sin thar ceann an Bhallstáit nó na mBallstát eile lena mbaineann freisin. Sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit ***sin*** an Coimisiún a chur ar an eolas ***dá réir sin*** gan mhoill. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Is féidir le Ballstáit áirithe ***maolú a fháil ón*** oibleagáid atá ar na Ballstáit údarás náisiúnta a ainmniú i ndáil le tásca geografacha ***do tháirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha chun gabháil do na nósanna imeachta maidir le clárú, cur i gcoinne náisiúnta, leasuithe ar an tsonraíocht táirge agus an clárú a chealú ***faoi chúinsí áirithe a shonraítear sa Rialachán seo***. ***Leis an maolú sin, ba cheart a bheith i bhfoirm Cinneadh ón gCoimisiún, cuirtear san áireamh nach bhfuil córas náisiúnta sonrach ag Ballstáit áirithe chun tásca geografacha a bhainistiú le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus nach bhfuil ach leas beag ag an leibhéal áitiúil sna tíortha sin chun na sonraí geografacha sin a chosaint. Faoi na cúinsí sin, ní bheadh údar le ceangal a chur ar na Ballstáit faoi seach bonneagar a chur ar bun, an pearsanra agus na saoráidí is gá a fhostú chun na tásca geografacha sin a bhainistiú.*** Tá sé níos éifeachtaí agus níos eacnamaíche nós imeachta malartach a chur ar fáil do na grúpaí táirgeoirí ó na Ballstáit sin chun a dtáirgí a chosaint trí thásc geografach. ***Baineann buntáistí costais leis an "nós imeachta clárúcháin dhírigh" a bhain na Ballstáit as. De bhun an mhaolaithe sin, ba cheart don Oifig nósanna imeachta maidir le clárú, leasuithe ar an tsonraíocht táirge agus cur ar ceal a bhainistiú go díreach. Maidir leis sin, ba cheart go bhfaigheadh an Oifig cúnamh éifeachtach ó údaráis riaracháin an Bhallstáit sin nuair a éileoidh an Oifig é, trí phointe teagmhála a ainmniú, maidir le gnéithe áirithe a bhaineann leis an iarratas a scrúdú. Sna cásanna sin, ba cheart an Oifig a bheith i dteideal táille chlárúcháin a ghearradh, ós rud é go***

*Leasú*

(17) Is féidir le Ballstáit áirithe ***cinneadh a dhéanamh gan cloí leis an*** oibleagáid atá ar na Ballstáit údarás náisiúnta a ainmniú i ndáil le tásca geografacha ***le haghaidh táirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha chun gabháil do na nósanna imeachta maidir le clárú, cur i gcoinne náisiúnta, leasuithe ar an tsonraíocht táirge agus an clárú a chealú. Tá sé níos éifeachtaí agus níos eacnamaíche nós imeachta malartach a chur ar fáil do na grúpaí táirgeoirí ó na Ballstáit sin chun a dtáirgí a chosaint trí thásc geografach.

***ngintear leis an nós imeachta sin níos mó oibre don Oifig ná mar a dhéantar le hiarratais an Aontais a bhainistiú. Níor cheart, áfach, le cur i bhfeidhm an "nós imeachta clárúcháin dhírigh" na Ballstáit a dhíolmhú ón oibleagáid údarás inniúil a ainmniú le haghaidh na rialuithe agus an fhorfheidhmithe agus na bearta is gá a dhéanamh chun na cearta a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Féadfaidh an t-údarás inniúil arna chothabháil nó arna ainmniú chun sonraí geografacha a bhainistiú agus an t-údarás inniúil atá ainmnithe do na rialuithe agus don fhorfheidhmiú difriúil, i gcás ina gcinneann Ballstát amhlaidh.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17 a) De bhun an mhaolaithe sin, ba cheart don Oifig nósanna imeachta maidir le clárú, leasuithe ar an tsonraíocht táirge agus cur ar ceal a bhainistiú go díreach. Maidir leis sin, ba cheart go bhfaigheadh an Oifig cúnamh éifeachtach ó údaráis riaracháin an Bhallstáit sin nuair a éileoidh an Oifig é, trí phointe teagmhála a ainmniú, maidir le gnéithe áirithe a bhaineann leis an iarratas a scrúdú. Ba cheart an saineolas agus an t-eolas áitiúil is gá ar thásca geografacha a bheith ag an bpointe teagmhála chun cabhrú leis an Oifig agus, i gcás inar gá, an t-údarás chun dul i gcomhairle le saineolaithe eile a bhfuil eolas ar tháirgí nó earnálacha sonracha acu. Maidir leis an 'nós imeachta clárúcháin dhírigh', ba cheart an Oifig a bheith i dteideal táille chlárúcháin chomhréireach a ghearradh, ós rud é go ngintear leis an nós imeachta sin níos mó oibre don Oifig ná mar a dhéantar le*** |

| | |
|---|---|
| | ***hiarratais an Aontais a bhainistiú.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17 b) Níor cheart, áfach, le cur i bhfeidhm an 'nós imeachta clárúcháin dhírigh' na Ballstáit a dhíolmhú ón oibleagáid údarás inniúil a ainmniú le haghaidh na rialuithe agus an fhorfheidhmithe agus na bearta is gá a dhéanamh chun na cearta a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Féadfaidh an t-údarás inniúil arna chothabháil nó arna ainmniú chun tásca geografacha a bhainistiú agus an t-údarás inniúil atá ainmnithe do na rialuithe agus don fhorfheidhmiú a bheith difriúil, i gcás ina gcinneann Ballstát amhlaidh.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(18) Tar éis don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an mBallstát, ba cheart dó Cinneadh ón gCoimisiún a ghlacadh lena mbunaítear ceart an Bhallstáit nós imeachta clárúcháin dhírigh eisceachtúil a roghnú. Dá réir sin, ba cheart go gcoimeádfadh an Coimisiún an ceart Cinneadh a mhodhnú agus a tharraingt siar lena gceadaítear do Bhallstát "nós imeachta clárúcháin dhírigh" a roghnú, más rud é nach gcomhlíonann an Ballstát lena mbaineann na coinníollacha. Is amhlaidh*** | ***scriosta*** |

***atá, mar shampla, má sháraíonn líon na n-iarratas díreach arna gcur isteach ag iarratasóirí ón mBallstát sin an líon bunaidh arna mheas ag an mBallstát sin arís agus arís eile le himeacht ama.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Chun cinnteoireacht comhleanúnach a áirithiú a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint agus le hagóidí breithiúnacha ina n-aghaidh, arna gcur isteach sa nós imeachta náisiúnta, ba cheart an ***Coimisiún*** a chur ar an eolas ar ***mhodh*** rialta tráthúil, nuair a thionscnaítear nósanna imeachta os comhair cúirteanna náisiúnta nó comhlachtaí eile, ar nósanna imeachta iad a bhaineann le hiarratas ar chlárúchán arna chur ag an mBallstát chuig an ***gCoimisiún*** agus ba cheart an ***Coimisiún*** a chur ar an eolas faoi thorthaí deiridh na nósanna imeachta sin. ***Ar an gcúis chéanna, i gcás ina measann Ballstát gur dócha go neamhbhaileofar cinneadh náisiúnta ar a bhfuil an t-iarratas ar chosaint bunaithe mar thoradh ar imeachtaí breithiúnacha náisiúnta, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas faoin measúnú sin.*** Má iarrann an Ballstát go gcuirfí ***grinnscrúdú iarratais*** ar leibhéal an Aontais ar fionraí, ba cheart an ***Coimisiún*** a dhíolmhú ón oibleagáid a leagtar síos ann maidir leis an ***sprioc-am*** le haghaidh an ***ghrinnscrúdaithe*** a chomhlíonadh. ***Chun an t-iarratasóir a chosaint ar ghníomhaíochtaí dlíthiúla cráiteacha agus chun ceart an iarrthóra a chaomhnú chun cosaint ainm a fháil laistigh de thréimhse réasúnach, ba cheart an díolúine a theorannú do chásanna inar neamhbhailíodh an t-iarratas ar chosaint ar an leibhéal náisiúnta trí bhíthin cinneadh*** | (19) Chun cinnteoireacht comhleanúnach a áirithiú a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint agus le hagóidí breithiúnacha ina n-aghaidh, arna gcur isteach sa nós imeachta náisiúnta, ba cheart an ***Oifig*** a chur ar an eolas ar ***bhealach*** rialta tráthúil, nuair a thionscnaítear nósanna imeachta os comhair cúirteanna náisiúnta nó comhlachtaí eile, ar nósanna imeachta iad a bhaineann le hiarratas ar chlárúchán arna chur ag an mBallstát chuig an ***Oifig*** agus ba cheart an ***Oifig*** a chur ar an eolas faoi thorthaí deiridh na nósanna imeachta sin. Má iarrann an Ballstát go gcuirfí ***an scrúdú*** ar ***iarratas ar*** leibhéal an Aontais ar fionraí, ba cheart an ***Oifig*** a dhíolmhú ón oibleagáid a leagtar síos ann maidir leis an ***spriocdháta*** le haghaidh an ***scrúdaithe*** a chomhlíonadh. |

***breithiúnach atá infheidhme láithreach ach nach bhfuil críochnaitheach, nó do chásanna ina measann an Ballstát go bhfuil an ghníomhaíocht chun bailíocht an iarratais a cheistiú bunaithe ar fhorais bhailí.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19 a) Nuair a chinneann na Ballstáit foráil a dhéanamh do chosaint shealadach náisiúnta, ba cheart dóibh a chur san áireamh go bhféadfadh sé nach mbeadh táirgeoirí áirithe in ann an táirge faoi seach a mhargú leis an ainm atá faoi chosaint shealadach sa Bhallstát agus, i gcás ina gcinneann an Oifig clárú an ainm sin a dhiúltú, na táirgeoirí sin nach raibh in ann a dtáirge a mhargú mar gheall ar chosaint shealadach náisiúnta, damáistí nó cúiteamh a éileamh ón mBallstát, má fhoráiltear amhlaidh le dlíthe an Bhallstáit faoi seach.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Maidir le hoibreoirí a ndéantar difear dá leasanna trí ainm a chlárú, chun é a chur ar a gcumas dóibh leanúint den ainm sin a úsáid ar feadh tréimhse theoranta, agus an córas cosanta a bhunaítear le hAirteagal 27 á shárú acu, ba cheart maoluithe sonracha maidir le húsáid na n-ainmneacha a dheonú i bhfoirm idirthréimhsí. ***Féadfar na tréimhsí*** sin a cheadú chun ***deacrachtaí sealadacha*** a | (20) Maidir le hoibreoirí a ndéantar difear dá leasanna trí ainm a chlárú, chun é a chur ar a gcumas dóibh leanúint den ainm sin a úsáid ar feadh tréimhse theoranta, agus an córas cosanta a bhunaítear le hAirteagal 27 á shárú acu, ba cheart maoluithe sonracha maidir le húsáid na n-ainmneacha a dheonú i bhfoirm idirthréimhsí. ***Is féidir na maoluithe sonracha*** sin a cheadú ***freisin*** chun a |

***shárú freisin agus é ina aidhm fhadtéarmach leo a*** áirithiú go ***gcomhlíonann na táirgeoirí uile*** an tsonraíocht táirge. Gan dochar do na rialacha lena rialaítear coinbhleachtaí idir tásca geografacha agus trádmharcanna, féadfar leanúint d'úsáid a bhaint as ainmneacha, a sháródh cosaint táisc gheografaigh seachas sin, faoi choinníollacha áirithe agus ar feadh idirthréimhse.

áirithiú go ***gcomhlíonfar*** an tsonraíocht táirge ***ghaolmhar sa limistéar lena mbaineann***. Gan dochar do na rialacha lena rialaítear coinbhleachtaí idir tásca geografacha agus trádmharcanna, féadfar leanúint d'úsáid a bhaint as ainmneacha, a sháródh cosaint táisc gheografaigh seachas sin, faoi choinníollacha áirithe agus ar feadh idirthréimhse.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) ***[Airteagal 26]*** Chun trédhearcacht agus aonfhoirmeacht a áirithiú ar fud na mBallstát, is gá clár leictreonach de thásca geografacha de chuid an Aontais a bhunú agus a choinneáil le haghaidh ceardaíochta agus ***táirgí*** tionsclaíocha. Maidir leis an gclár, ba cheart bunachar sonraí leictreonach a stóráiltear laistigh de chóras faisnéise a bheith ann agus ba cheart é a bheith inrochtana ***don phobal***. Ba cheart don Oifig clár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh ***árthaí*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha a fhorbairt, a choinneáil agus a ***choimeád*** agus ba cheart don Oifig an pearsanra a chur ar fáil chun é a oibriú. | (22) Chun trédhearcacht agus aonfhoirmeacht a áirithiú ar fud na mBallstát, is gá clár leictreonach de thásca geografacha de chuid an Aontais a bhunú agus a choinneáil le haghaidh ***táirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha. Maidir leis an gclár, ba cheart bunachar sonraí leictreonach a stóráiltear laistigh de chóras faisnéise a bheith ann agus ba cheart é a bheith inrochtana ***go héasca ag an bpobal***. Ba cheart don Oifig clár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh ***táirgí ceardaíochta*** agus tionsclaíocha a fhorbairt, a choinneáil agus a ***chothabháil*** agus ba cheart don Oifig an pearsanra a chur ar fáil chun é a oibriú. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ar mhaithe le feidhmiú barrfheabhais an mhargaidh inmheánaigh, tá sé tábhachtach ***gur féidir le*** táirgeoirí | (24) Ar mhaithe le feidhmiú barrfheabhais an mhargaidh inmheánaigh, tá sé tábhachtach ***go mbeadh rochtain*** |

agus ***le hoibreoirí*** eile lena mbaineann, le ***húdaráis agus le tomhaltóirí rochtain a fháil go tapa agus go héasca ar an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann le sonrúchán tionscnamh faoi chosaint nó le tásc geografach faoi chosaint atá cláraithe***.

***thapa agus éasca ag*** táirgeoirí agus ***oibreoirí*** eile lena mbaineann, ***ag údaráis agus ag tomhaltóirí ar fhaisnéis ábhartha maidir*** le ***tásca geografacha***.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart don Oifig córas faisnéise agus foláirimh a bhunú i gcoinne úsáid mhí-úsáid na dtásc geografach ceardaíochta agus tionsclaíoch i gcóras na n-ainmneacha fearainn. Ba cheart go gcuirfeadh an córas sin iarratasóirí ar an eolas, ar thaobh amháin, faoi infhaighteacht an táisc gheografaigh mar ainm fearainn agus, ar an taobh eile, ba cheart faisnéis a thabhairt dóibh a luaithe a chlárófar ainm fearainn atá ag teacht salach ar a dtásc geografach. Dá nglacfaí na foláirimh sin, bheadh táirgeoirí in ann gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí. Ba cheart do chlárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil cód tíre, arna mbunú san Aontas, an fhaisnéis agus na sonraí go léir atá ina seilbh acu a sholáthar don Oifig, ar faisnéis í atá riachtanach chun an córas a reáchtáil mar chúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail, eadhon faisnéis maidir le hinfhaighteacht an táisc gheografaigh mar ainm fearainn agus, a mhéid a bhaineann leis na foláirimh, sonraí ainmneacha fearainn atá ag teacht salach ar a chéile, dátaí a iarratais agus a chláraithe. Ba cheart an fhaisnéis agus na sonraí a sholáthar i bhformáid meaisín-inléite. Is comhréireach an fhaisnéis agus na sonraí a chur ar fáil don Oifig toisc go bhfónann sé don chuspóir dlisteanach atá ann a áirithiú go ndéantar tásca geografacha a chosaint | (26) Ba cheart don Oifig córas faisnéise agus foláirimh a bhunú i gcoinne úsáid mhí-úsáid na dtásc geografach ceardaíochta agus tionsclaíoch i gcóras na n-ainmneacha fearainn. Ba cheart go gcuirfeadh an córas sin iarratasóirí ar an eolas, ar thaobh amháin, faoi infhaighteacht an táisc gheografaigh mar ainm fearainn agus, ar an taobh eile, ba cheart faisnéis a thabhairt dóibh a luaithe a chlárófar ainm fearainn atá ag teacht salach ar a dtásc geografach. Dá nglacfaí na foláirimh sin, bheadh táirgeoirí in ann gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí. Ba cheart do chlárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil cód tíre, arna mbunú san Aontas, an fhaisnéis agus na sonraí go léir atá ina seilbh acu a sholáthar don Oifig, ar faisnéis í atá riachtanach chun an córas a reáchtáil mar chúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail, eadhon faisnéis maidir le hinfhaighteacht an táisc gheografaigh mar ainm fearainn agus, a mhéid a bhaineann leis na foláirimh, sonraí ainmneacha fearainn atá ag teacht salach ar a chéile, dátaí a iarratais agus a chláraithe. Ba cheart an fhaisnéis agus na sonraí a sholáthar i bhformáid meaisín-inléite. Is comhréireach an fhaisnéis agus na sonraí a chur ar fáil don Oifig toisc go bhfónann sé don chuspóir dlisteanach atá ann a áirithiú go ndéantar tásca geografacha a chosaint |

agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr mar mhaoin intleachtúil sa timpeallacht ar líne. ***Is mó fós a dhéantar sin i dtaca leis na foláirimh go ndéantar*** aistriú na sonraí cláraithe ainmneacha fearainn a theorannú go sainráite do na hainmneacha fearainn sin atá comhionann nó comhchosúil agus a d'fhéadfadh a bheith in ann, dá bhrí sin, an tásc geografach lena mbaineann a shárú.

agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr mar mhaoin intleachtúil sa timpeallacht ar líne. ***Ba cheart*** aistriú na sonraí cláraithe ainmneacha fearainn a theorannú go sainráite do na hainmneacha fearainn sin atá comhionann nó comhchosúil agus a d'fhéadfadh a bheith in ann, dá bhrí sin, an tásc geografach lena mbaineann a shárú.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Is gá Bord Comhairleach a bhunú, ar díorma saineolaithe é ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún. Is é is cuspóir don Bhord Comhairleach an t-eolas agus an saineolas áitiúil is gá a sholáthar maidir le táirgí áirithe agus eolas faoi na cúinsí áitiúla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo. D'fhonn tacú leis an Oifig measúnú a dhéanamh ar iarratais aonair ag céim ar bith den scrúdú, den chur i gcoinne, den achomharc nó de nósanna imeachta eile a bhfuil eolas teicniúil sonrach acu, ba cheart an deis a bheith ag an Rannán Tásca Geografacha nó ag na Boird Achomhairc, ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún, dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach. Ba cheart a áireamh sa chomhairliúchán freisin, nuair is gá, tuairim ghinearálta maidir le critéir cháilíochta a mheasúnú, clú ***agus cáil*** a bhunú, ***cineál cineálach*** ainm a chinneadh, agus iomaíocht chóir in idirbhearta tráchtála a mheasúnú ***agus an baol*** go gcuirfí mearbhall ar thomhaltóirí. Níor cheart tuairim an Bhoird Chomhairligh a bheith ceangailteach. Ba cheart nós imeachta ceapacháin na saineolaithe agus oibriú an Bhoird Chomhairligh a shonrú i rialacha nós | (27) Is gá Bord Comhairleach a bhunú, ar díorma saineolaithe é ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún. Is é is cuspóir don Bhord Comhairleach an t-eolas agus an saineolas áitiúil is gá a sholáthar maidir le táirgí áirithe agus eolas faoi na cúinsí áitiúla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo. D'fhonn tacú leis an Oifig measúnú a dhéanamh ar iarratais aonair ag céim ar bith den scrúdú, den chur i gcoinne, den achomharc nó de nósanna imeachta eile a bhfuil eolas teicniúil sonrach acu, ba cheart an deis a bheith ag an Rannán Tásca Geografacha nó ag na Boird Achomhairc, ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún, dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach. Ba cheart a áireamh sa chomhairliúchán freisin, nuair is gá, tuairim ghinearálta maidir le critéir cháilíochta a mheasúnú, clú ***táisc gheografaigh*** a bhunú, ***a chineálaí atá*** ainm a chinneadh, agus iomaíocht chóir in idirbhearta tráchtála a mheasúnú ***mar aon leis an mbaol*** go gcuirfí mearbhall ar thomhaltóirí. Níor cheart tuairim an Bhoird Chomhairligh a bheith ceangailteach. Ba cheart ***saineolaithe i réimse na catagóire táirgí lena mbaineann, lena n-áirítear*** |

imeachta an Bhoird Chomhairligh arna bhformheas ag an mBord Bainistíochta.

***saineolaithe ón saol acadúil, a bheith ar an mBord Comhairleach freisin. Ba cheart*** nós imeachta ceapacháin na saineolaithe agus oibriú an Bhoird Chomhairligh a shonrú i rialacha nós imeachta an Bhoird Chomhairligh arna bhformheas ag an mBord Bainistíochta.

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Ba cheart an gaol idir ainmneacha fearainn idirlín agus cosaint tásc geografach a shoiléiriú a mhéid a bhaineann le raon feidhme chur i bhfeidhm na mbeart feabhais, aitheantas tásc geografach i réiteach díospóidí, agus úsáid chóir ainmneacha fearainn. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht do ***dhaoine*** a bhfuil leas dlisteanach acu i dtásc geografach cláraithe cúlghairm nó aistriú an ainm fearainn a iarraidh i gcás ina bhfuil an t-ainm fearainn easaontach cláraithe ag a shealbhóir gan cearta ná leas dlisteanach sa tásc geografach nó má cláraíodh é nó má tá sé á úsáid de mheon mímhacánta agus má sháraíonn úsáid an ainm fearainn sin cosaint táisc gheografaigh. Níor cheart nósanna imeachta um réiteach malartach díospóide dochar a dhéanamh don fhéidearthacht díospóidí maidir le hainm fearainn a thabhairt os comhair cúirte náisiúnta. | (33) Ba cheart an gaol idir ainmneacha fearainn idirlín agus cosaint tásc geografach a shoiléiriú a mhéid a bhaineann le raon feidhme chur i bhfeidhm na mbeart feabhais, aitheantas tásc geografach i réiteach díospóidí, agus úsáid chóir ainmneacha fearainn. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht do ***shealbhóirí táisc gheografaigh chláraithe nó do ghrúpa táirgeoirí*** a bhfuil leas dlisteanach acu i dtásc geografach cláraithe cúlghairm nó aistriú an ainm fearainn a iarraidh i gcás ina bhfuil an t-ainm fearainn easaontach cláraithe ag a shealbhóir gan cearta ná leas dlisteanach sa tásc geografach nó má cláraíodh é nó má tá sé á úsáid de mheon mímhacánta agus má sháraíonn úsáid an ainm fearainn sin cosaint táisc gheografaigh. Níor cheart nósanna imeachta um réiteach malartach díospóide dochar a dhéanamh don fhéidearthacht díospóidí maidir le hainm fearainn a thabhairt os comhair cúirte náisiúnta. ***I gcás coinbhleachtaí maidir le hainmneacha fearainn le cóid tíre neamh-AE, nó le cóid tíre AE a bhaineann le tásca geografacha neamh-AE, ba cheart don Oifig réiteach díospóidí a dhéanamh i gcomhar leis na córais idirnáisiúnta um réiteach díospóidí atá i bhfeidhm cheana, amhail na cinn a bhainistíonn an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) agus an Chorparáid*** |

***Sannta Ainmneacha agus Uimhreacha Idirlín (ICANN).***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun ***nach gcruthófar coinníollacha éagóracha iomaíochta***, ba cheart aon táirgeoir, lena n-áirítear táirgeoir tríú tír a bheith in ann tásc geografach cláraithe a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonann an táirge lena mbaineann ceanglais na sonraíochta táirge ábhartha ***nó doiciméid aonair nó doiciméid atá coibhéiseach leis sin i.e. achoimre iomlán ar an tsonraíocht táirge.*** Ba cheart a ráthú freisin leis an gcóras a bhunóidh na Ballstáit go mbeidh táirgeoirí a chomhlíonann na rialacha i dteideal a bheith faoi chumhdach ag an bhfíorú ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge. | (35) Chun ***an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a neartú***, ba cheart aon táirgeoir, lena n-áirítear táirgeoir tríú tír a bheith in ann tásc geografach cláraithe a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonann an táirge lena mbaineann ceanglais na sonraíochta táirge ábhartha. Ba cheart a ráthú freisin leis an gcóras a bhunóidh na Ballstáit go mbeidh táirgeoirí a chomhlíonann na rialacha i dteideal a bheith faoi chumhdach ag an bhfíorú ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) ***Ós rud é gurb é seo an chéad uair a chuirtear*** córas ***cosanta tásca geografacha*** uile-Aontais ***chun feidhme*** le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, ***tá sé tábhachtach*** feasacht a ***ardú*** i measc tomhaltóirí, táirgeoirí, go háirithe micrifhiontair ***agus*** fiontair bheaga ***agus*** mheánmhéide agus údaráis phoiblí ar an leibhéal ***náisiúnta***, réigiúnach agus ***áitiúil faoin tionscnamh***. | (36) ***Chun an*** córas uile-Aontais ***um chosaint tásc geografach*** le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ***a neartú***, ***moltar don Choimisiún, do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí ábhartha*** feasacht a ***mhúscailt faoin tionscnamh*** i measc tomhaltóirí, táirgeoirí, go háirithe micrifhiontair***,*** fiontair bheaga ***nó fiontair*** mheánmhéide agus údaráis phoiblí ar an leibhéal ***áitiúil***, réigiúnach***, náisiúnta*** agus ***idirnáisiúnta***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Na siombailí, na tásca agus na giorrúcháin lena ***n-sainaithnítear*** tásc geografach cláraithe, agus na cearta atá ann a bhaineann leis an Aontas, ba cheart iad a chosaint san Aontas agus i dtríú tíortha chun a áirithiú go n-úsáidtear ar fhíortháirgí iad agus nach gcuirtear tomhaltóirí amú maidir le cáilíochtaí na dtáirgí. | (37) Na siombailí, na tásca agus na giorrúcháin lena ***sainaithnítear*** tásc geografach cláraithe, agus na cearta atá ann a bhaineann leis an Aontas, ba cheart iad a chosaint san Aontas agus i dtríú tíortha chun a áirithiú go n-úsáidtear ar fhíortháirgí iad agus nach gcuirtear tomhaltóirí amú maidir le cáilíochtaí na dtáirgí. ***Ba cheart tásc geografach den sórt sin a chosaint ar aon úsáid dhíreach nó indíreach tráchtála a bhaintear as an tásc geografach i ndáil le táirgí nach gcumhdaítear faoin gclárú, i gcás ina bhfuil na táirgí sin comhionann nó cosúil leis na táirgí atá cláraithe faoin tásc geografach sin nó i gcás ina dtagann úsáid an ainm i dtír ar an tásc geografach faoi chosaint nó ina lagaíonn sí an tásc geografach faoi chosaint. Thairis sin, aon aithris, fiú má léirítear fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí nó má aistrítear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear frása leis amhail 'stíl', 'cineál', 'modh', 'mar a tháirgtear i', 'aithris', 'blas', 'cosúil le' nó a leithéidí, ba cheart í a chosc. Sa bhreis air sin, ba cheart go gcoiscfí aon tásc bréagach nó míthreorach eile maidir le foinse, tionscnamh, cineál nó cáilíochtaí bunriachtanacha an táirge a úsáidtear ar an bpacáistíocht laistigh nó ar an bpacáistíocht lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid nó san fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar shuíomhanna gréasáin a bhaineann leis na táirgí, agus pacáistíocht na dtáirgí i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a chur in iúl faoina dtionscnamh; Áirítear leis sin, mar shampla, úsáid a bhaint as dathanna náisiúnta nó réigiúnacha a bhaineann le táirge agus aon chleachtas eile a d'fhéadfadh an tomhaltóir a chur*** |

***amú maidir le fíorthionscnamh na dtáirgí.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) ***Úsáid*** siombailí ***nó*** tásca Aontais ar ***phacáistiú*** táirgí arna n-ainmniú ***le*** tásc geografach***, ba cheart an úsáid sin a bheith éigeantach*** chun go mbeidh tomhaltóirí níos eolaí ar an gcatagóir sin táirgí, agus ar na ráthaíochtaí a ghabhann leo, agus chun go mbeidh sé níos éasca na táirgí sin a shainaithint ar an margadh agus ar an gcaoi sin, seiceálacha a éascú. Ba cheart úsáid ***na*** siombailí nó ***na dtásc*** sin a bheith deonach i gcás tásca geografacha ***agus sonrúcháin tionscnaimh*** tríú tír. | (38) ***Ba cheart tacú le húsáid*** siombailí ***agus*** tásca ***an*** Aontais ar ***phacáistíocht*** táirgí ***ceardaíochta agus tionsclaíocha*** arna n-ainmniú ***ag*** tásc geografach chun go mbeidh tomhaltóirí níos eolaí ar an gcatagóir sin táirgí, agus ar na ráthaíochtaí a ghabhann leo, agus chun go mbeidh sé níos éasca na táirgí sin a shainaithint ar an margadh agus ar an gcaoi sin, seiceálacha a éascú. Ba cheart úsáid siombailí nó ***tásc den sórt*** sin a bheith deonach i ***gcónaí, áfach, i*** gcás tásca geografacha tríú tír. ***Ina theannta sin, níor cheart breathnú ar ní ar bith sa Rialachán seo mar ní lena gceanglaítear ar tháirgeoirí lipéadú tásc geografach a úsáid, fiú dá gcomhlíonfadh an táirge coinníollacha táisc gheografaigh chláraithe murach sin.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) ***Ar mhaithe le soiléireacht do thomhaltóirí agus ar mhaithe le comhchuibheas a uasmhéadú leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le tásca geografacha a chosaint do tháirgí talmhaíochta, do bhia-ábhar, d'fhíon agus do bhiotáille,*** ba cheart siombail an Aontais a úsáidtear ar phacáistíocht ***árthaí*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha ***atá ainmnithe le*** tásc geografach a bheith comhionann leis an ***gceann*** a úsáidtear ar phacáistíocht | (39) Ba cheart siombail an Aontais a úsáidtear ar phacáistíocht ***táirgí ceardaíochta*** agus tionsclaíocha ***arna n-ainmniú ag*** tásc geografach a bheith comhionann leis an ***tsiombail*** a úsáidtear ar phacáistíocht táirgí talmhaíochta agus bia-earraí, fíonta agus deochanna biotáilleacha arna n-ainmniú ***le*** tásc geografach ***a bunaíodh*** faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 664/2014 ón gCoimisiún[16] ***chun trédhearcacht do thomhaltóirí agus*** |

táirgí talmhaíochta agus bia-earraí, fíonta agus deochanna biotáilleacha arna n-ainmniú ***ag*** tásc geografach ***arna bhunú*** faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 664/2014 ón gCoimisiún[16].

***comhleanúnachas leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le cosaint tásc geografach le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-earraí, fíona agus biotáillí a uasmhéadú***.

[16] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsiú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe (IO L 179, 19.6.2014, lch. 17).

[16] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsiú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe (IO L 179, 19.6.2014, lch. 17).

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Is ar mhuinín na dtomhaltóirí a bhunaítear breisluach táisc gheografaigh. Ní féidir bunús maith a bheith leis an muinín sin ach amháin má tá fíorú agus rialuithe éifeachtacha ag gabháil le clárú tásc geografach, lena n-áirítear ***dícheall cuí*** an táirgeora. | (40) Is ar mhuinín na dtomhaltóirí a bhunaítear breisluach táisc gheografaigh. Ní féidir bunús maith a bheith leis an muinín sin ach amháin má tá fíorú agus rialuithe éifeachtacha ag gabháil le clárú tásc geografach, lena n-áirítear ***oibleagáidí*** an táirgeora. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Chun saintréithe sonracha táirgí ***ceirde*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha atá faoi chosaint ag tásca geografacha a ráthú do | (41) Chun ***cosaint tomhaltóirí a neartú agus chun*** saintréithe sonracha táirgí ***ceardaíochta*** agus tionsclaíocha atá faoi |

| | |
|---|---|
| thomhaltóirí, ba cheart do tháirgeoirí a bheith faoi réir ***córais*** lena bhfíorófar go gcomhlíontar an tsonraíocht táirge sula gcuirfear an táirge ar an margadh. Ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit córas fíorúcháin tríú páirtí a bhunú arna oibriú ag na húdaráis inniúla, agus ag na comhlachtaí deimhnithe táirgí, a dtarmligeann na húdaráis sin cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil nó córas fíoraithe chucu bunaithe ar fhéindearbhú táirgeora. Ba cheart an féindearbhú a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil chun comhréireacht leis an tsonraíocht táirge a áirithiú. | chosaint ag tásca geografacha a ráthú do thomhaltóirí, ba cheart do tháirgeoirí a bheith faoi réir ***córas cothrom agus comhréireach*** lena bhfíorófar go gcomhlíontar an tsonraíocht táirge sula gcuirfear an táirge ar an margadh. Ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit córas fíorúcháin tríú páirtí a bhunú arna oibriú ag na húdaráis inniúla, agus ag na comhlachtaí deimhnithe táirgí, a dtarmligeann na húdaráis sin cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil nó córas fíoraithe chucu bunaithe ar fhéindearbhú táirgeora. Ba cheart an féindearbhú a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil chun comhréireacht leis an tsonraíocht táirge a áirithiú. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43 a) Chun go n-áireofar táirge faoi chosaint GI, ba cheart céimeanna suntasacha laistigh den limistéar geografach léirithe a áireamh sna céimeanna táirgthe. Mar shampla, d'fhéadfaí breathnú ar phéint nó ribín breise a chur le táirge críochnaithe ar shlí eile mar chleachtas calaoiseach agus mealltach. Ba cheart é sin a bheith faoi réir rialuithe na mBallstát agus ba cheart é a chinneadh ar bhonn cás ar chás.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit a cheadú do tháirgeoirí a n- | (44) Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit a cheadú do tháirgeoirí a n- |

| | |
|---|---|
| oibleagáid ***maidir le dícheall cuí*** a ***dhéanamh a*** chomhlíonadh trí fhéindearbhú a thíolacadh do na húdaráis inniúla gach trí bliana, lena léirítear go bhfuil siad á gcomhlíonadh i gcónaí. Ba cheart a cheangal ar tháirgeoirí a bhféindearbhú a athnuachan láithreach i gcás ina ndéantar leasú ar an tsonraíocht táirge nó athrú a dhéanfaidh difear don táirge lena mbaineann. Níor cheart go gcuirfeadh úsáid an fhéindearbhaithe cosc ar tháirgeoirí a gcomhréireacht a bheith deimhnithe ina hiomláine nó i bpáirt ag tríú páirtithe incháilithe. Ba cheart deimhniú tríú páirtí a bheith in ann cur le féindearbhú ach gan deimhniú eile a chur ina ionad. | oibleagáid a chomhlíonadh trí fhéindearbhú a thíolacadh do na húdaráis inniúla gach trí bliana, lena léirítear go bhfuil siad á gcomhlíonadh i gcónaí. Ba cheart a cheangal ar tháirgeoirí a bhféindearbhú a athnuachan láithreach i gcás ina ndéantar leasú ar an tsonraíocht táirge nó athrú a dhéanfaidh difear don táirge lena mbaineann. Níor cheart go gcuirfeadh úsáid an fhéindearbhaithe cosc ar tháirgeoirí a gcomhréireacht a bheith deimhnithe ina hiomláine nó i bpáirt ag tríú páirtithe incháilithe. Ba cheart deimhniú tríú páirtí a bheith in ann cur le féindearbhú ach gan deimhniú eile a chur ina ionad. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(46) I gcás ina bhfuil nós imeachta deimhniúcháin i bhfeidhm maidir le féindearbhú, ba cheart do na húdaráis inniúla rialuithe randamacha a dhéanamh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ba cheart do na táillí nó na muirir ***na*** costais, lena n-áirítear na forchostais, arna dtabhú ***ag na húdaráis*** inniúla chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh, a chumhdach ach níor cheart dóibh dul ***thar na*** costais sin. Féadfar a áireamh le forchostais, costais na tacaíochta agus an eagrúcháin ***is gá*** chun na rialuithe oifigiúla a phleanáil agus a chur i gcrích. Ba cheart | (48) Ba cheart do na táillí nó na muirir ***um rialú agus um fhíorú*** costais, lena n-áirítear na forchostais, arna dtabhú ***ag na húdaráis*** inniúla chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh, a chumhdach ach níor cheart dóibh dul ***thar na*** costais sin. Féadfar a áireamh le forchostais, costais na tacaíochta agus an eagrúcháin ***is gá*** chun na rialuithe oifigiúla a phleanáil agus a |

costais den sórt sin a ríomh ***ar bhonn*** gach rialaithe oifigiúil aonair nó ar bhonn na rialuithe oifigiúla ar fad arna ndéanamh ***thar thréimhse*** áirithe. I gcás ina gcuirtear táillí nó muirir i bhfeidhm ar bhonn chostas iarbhír na rialuithe oifigiúla aonair, ba cheart go n-iompródh táirgeoirí a bhfuil taifead maith ar a gcomhlíonadh muirir fhoriomlána níos ísle ná táirgeoirí neamhchomhlíontacha, mar ba cheart táirgeoirí den sórt sin a bhfuil taifead maith acu ar chomhlíonadh a bheith faoi réir rialuithe oifigiúla nach ndéantar chomh minic céanna. Chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais ag gach oibreoir a chur chun cinn, beag beann ar an modh (bunaithe ar chostas iarbhír nó ar ráta comhréidh) atá roghnaithe ag gach Ballstát chun na táillí nó na muirir a ríomh, nuair a ríomhtar na táillí nó na muirir sin ar bhonn na gcostas foriomlán arna dtabhú ag na húdaráis inniúla thar thréimhse áirithe, agus arna bhforchur ar oibreoirí beag beann ar an bhfuil siad faoi réir rialaithe oifigiúil le linn na tréimhse tagartha, ba cheart na táillí nó na muirir sin a ríomh ar mhaithe le haitheantas a thabhairt d'oibreoirí a bhfuil taifead leanúnach comhlíonta acu i ndáil le reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia. ***Níor cheart aon táille a ghearradh as an bhféindearbhú agus a phróiseáil a chur isteach.***

chur i gcrích. Ba cheart costais den sórt sin a ríomh ***ar bhonn*** gach rialaithe oifigiúil aonair nó ar bhonn na rialuithe oifigiúla ar fad arna ndéanamh ***thar thréimhse*** áirithe. I gcás ina gcuirtear táillí nó muirir i bhfeidhm ar bhonn chostas iarbhír na rialuithe oifigiúla aonair, ba cheart go n-iompródh táirgeoirí a bhfuil taifead maith ar a gcomhlíonadh muirir fhoriomlána níos ísle ná táirgeoirí neamhchomhlíontacha, mar ba cheart táirgeoirí den sórt sin a bhfuil taifead maith acu ar chomhlíonadh a bheith faoi réir rialuithe oifigiúla nach ndéantar chomh minic céanna. Chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais ag gach oibreoir a chur chun cinn, beag beann ar an modh (bunaithe ar chostas iarbhír nó ar ráta comhréidh) atá roghnaithe ag gach Ballstát chun na táillí nó na muirir a ríomh, nuair a ríomhtar na táillí nó na muirir sin ar bhonn na gcostas foriomlán arna dtabhú ag na húdaráis inniúla thar thréimhse áirithe, agus arna bhforchur ar oibreoirí beag beann ar an bhfuil siad faoi réir rialaithe oifigiúil le linn na tréimhse tagartha, ba cheart na táillí nó na muirir sin a ríomh ar mhaithe le haitheantas a thabhairt d'oibreoirí a bhfuil taifead leanúnach comhlíonta acu i ndáil le reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia.

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Ba cheart caighdeáin Eorpacha (caighdeáin EN) arna bhforbairt ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) a úsáid chun comhlachtaí ***rialaithe*** a chreidiúnú agus ba | (51) Ba cheart caighdeáin Eorpacha (caighdeáin EN) arna bhforbairt ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) a úsáid chun comhlachtaí ***deimhnithe táirgí*** a |

cheart do na comhlachtaí sin iad a úsáid le haghaidh a n-oibríochtaí. Ba cheart na comhlachtaí sin a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18]. ***beidh*** an saineolas, an trealamh agus an bonneagar ***acu atá de dhith*** chun na cúraimí maidir le rialú oifigiúil arna dtarmligean chucu a dhéanamh; Na cáilíochtaí agus an taithí chuí ***a bheith*** acu, agus ***gníomhú*** go neamhchlaonta agus saor ó aon choinbhleacht leasa maidir le feidhmiú na gcúraimí i ndáil le rialú oifigiúil arna dtarmligean chucu. Ba cheart do chomhlachtaí um dheimhniú táirgí atá bunaithe lasmuigh den Aontas a léiriú go bhfuil siad ag luí le caighdeáin an Aontais nó le caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta bunaithe ar dheimhniú arna eisiúint ag comhlacht a shínigh comhaontú um aitheantas iltaobhach faoi choimirce an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin.

[18] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

chreidiúnú agus ba cheart do na comhlachtaí sin iad a úsáid le haghaidh a n-oibríochtaí. Ba cheart na comhlachtaí sin a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18]. ***Ba cheart*** an saineolas, an trealamh agus an bonneagar ***is gá*** chun na cúraimí maidir le rialú oifigiúil arna dtarmligean chucu a dhéanamh ***a bheith ag daoine nádúrtha***; ***ba cheart go mbeadh*** na cáilíochtaí agus an taithí chuí acu, agus go ***ngníomhóidís go*** neamhchlaonta agus saor ó aon choinbhleacht leasa maidir le feidhmiú na gcúraimí ***sin*** i ndáil le rialú oifigiúil arna dtarmligean chucu. Ba cheart do chomhlachtaí um dheimhniú táirgí atá bunaithe lasmuigh den Aontas a léiriú go bhfuil siad ag luí le caighdeáin an Aontais nó le caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta bunaithe ar dheimhniú arna eisiúint ag comhlacht a shínigh comhaontú um aitheantas iltaobhach faoi choimirce an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin ***(IAF) nó comhalta den Chomhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC)***.

[18] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a leasú nó a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le | (60) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a leasú nó a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le |

hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na ceanglais nó míreanna breise den doiciméadacht a ghabhann leo a liostú, nósanna imeachta agus coinníollacha is infheidhme maidir le hullmhú agus cur isteach iarratas ón Aontas ar chlárú a shainiú, rialacha maidir le cur de chúram ar an Oifig clár an Aontais de thásca geografacha a oibriú ***d'árthaí agus*** do tháirgí tionsclaíocha; Inneachar foirmiúil an fhógra achomhairc, an nós imeachta le haghaidh achomharc a chomhdú agus a scrúdú, chomh maith le hinneachar foirmiúil agus foirm chinntí an Bhoird Achomhairc***; Faisnéis*** agus ***ceanglais an fhéindearbhúcháin agus*** cúnamh teicniúil na hOifige***.*** Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos ***Fearr***[23]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[23] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na ceanglais nó míreanna breise den doiciméadacht a ghabhann leo a liostú, nósanna imeachta agus coinníollacha is infheidhme maidir le hullmhú agus cur isteach iarratas ón Aontas ar chlárú a shainiú, rialacha maidir le cur de chúram ar an Oifig clár an Aontais de thásca geografacha a oibriú do tháirgí ***ceardaíochta agus*** tionsclaíocha; inneachar foirmiúil an fhógra achomhairc, an nós imeachta le haghaidh achomharc a chomhdú agus a scrúdú, chomh maith le hinneachar foirmiúil agus foirm chinntí an Bhoird Achomhairc agus cúnamh teicniúil na hOifige***;*** Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos ***Fearr*** [23]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[23] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (61) Tá cosaint reatha na dtásc geografach ar an leibhéal náisiúnta bunaithe ar chineálacha éagsúla cur chuige rialála. Dá mbeadh dhá chóras chomhthreomhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, d’fhéadfadh an baol a bheith ann mearbhall a chur ar thomhaltóirí agus ar tháirgeoirí. Trí chreat rialála ar fud an Aontais a chur in ionad córas ***cosanta sonraí geografacha*** náisiúnta, ***cruthófar*** deimhneacht dhlíthiúil, ***laghdófar*** an t-ualach riaracháin ar údaráis náisiúnta, ***áiritheofar*** iomaíocht chóir idir táirgeoirí na dtáirgí a mbaineann tásca den sórt sin leo chomh maith le costais intuartha agus réasúnta íseal agus ***cuirfear*** le creidiúnacht na dtáirgí i súile na dtomhaltóirí. Chuige sin, ***tiocfaidh*** deireadh leis an gcosaint shonrach náisiúnta do thásca geografacha do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha bliain amháin tar éis ***theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfar síneadh ama a chur leis an gcosaint go dtí go dtabharfar an próiseas clárúcháin chun críche i gcás na dtásc geografach náisiúnta sin arna sainaithint ag na Ballstáit leasmhara. Tá tásca geografacha cláraithe ag roinnt Ballstát ar páirtithe iad i gComhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus a gClárú ***Idirnáisiúnta*** le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus tásca geografacha faoi chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha de thionscnamh tríú tíortha faoin gComhaontú sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1753 a leasú ionas go mbeifear in ann leanúint de na tásca geografacha sin a chosaint le haghaidh ceardaíochta agus ***táirgí*** tionsclaíocha. | (61) Tá cosaint reatha na dtásc geografach ar an leibhéal náisiúnta bunaithe ar chineálacha éagsúla cur chuige rialála. Dá mbeadh dhá chóras chomhthreomhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, d’fhéadfadh an baol a bheith ann mearbhall a chur ar thomhaltóirí agus ar tháirgeoirí. Trí chreat rialála ar fud an Aontais a chur in ionad córas náisiúnta ***sonrach um chosaint tásc geografach***, ***chruthófaí*** deimhneacht dhlíthiúil, ***laghdófaí*** an t-ualach riaracháin ar údaráis náisiúnta, ***d’áiritheofaí*** iomaíocht chóir idir táirgeoirí na dtáirgí a mbaineann tásca den sórt sin leo chomh maith le costais intuartha agus réasúnta íseal agus ***chuirfí*** le creidiúnacht na dtáirgí i súile na dtomhaltóirí. Chuige sin, ***ba cheart go dtiocfadh*** deireadh leis an gcosaint shonrach náisiúnta do thásca geografacha do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha bliain amháin tar éis ***dháta chur*** i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfar síneadh ama a chur leis an gcosaint go dtí go dtabharfar an próiseas clárúcháin chun críche i gcás na dtásc geografach náisiúnta sin arna sainaithint ag na Ballstáit leasmhara. Tá tásca geografacha cláraithe ag roinnt Ballstát ar páirtithe iad i gComhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus a gClárú ***go hIdirnáisiúnta*** le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus tásca geografacha faoi chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha de thionscnamh tríú tíortha faoin gComhaontú sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1753 a leasú ionas go mbeifear in ann leanúint de na tásca geografacha sin a chosaint le haghaidh ***táirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (62) Ós rud é go bhfuil gá le tréimhse ama chun a áirithiú go bhfuil an creat d’fheidhmiú cuí an Rialacháin seo i bhfeidhm chun córas clárúcháin de chuid an Aontais agus córas idirnáisiúnta clárúcháin a chruthú (lena n-áirítear córas TF, clár an Aontais de thásca geografacha a bhunú agus a bhainistiú le haghaidh ***árthaí*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha, córas foláirimh AE i gcoinne ***mí-úsáid*** tásc geografach le haghaidh ***árthaí*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha ar ***an idirlíon***, etc.), ba cheart ***go dtosódh*** an Rialachán ***seo ar [XX] mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm***. | (62) Ós rud é go bhfuil gá le tréimhse ama chun a áirithiú go bhfuil an creat d’fheidhmiú cuí an Rialacháin seo i bhfeidhm chun córas clárúcháin de chuid an Aontais agus córas idirnáisiúnta clárúcháin a chruthú (lena n-áirítear córas TF, clár an Aontais de thásca geografacha a bhunú agus a bhainistiú le haghaidh ***táirgí ceardaíochta*** agus tionsclaíocha, córas foláirimh AE i gcoinne ***úsáid mhí-úsáideach*** tásc geografach le haghaidh ***táirgí ceardaíochta*** agus tionsclaíocha ar ***líne***, etc.), ba cheart ***feidhm a bheith ag*** an Rialachán ***ón [1 Eanáir 2025]***. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) clárú, cosaint, rialú agus forfheidhmiú ainmneacha ***áirithe*** lena sainaithnítear ***árthaí*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha a ***bhfuil*** cáilíocht áirithe ***acu, lena gclú nó lena*** saintréithe eile atá bainteach lena dtionscnamh geografach agus, | (a) clárú, cosaint, rialú agus forfheidhmiú ainmneacha lena sainaithnítear ***táirgí ceardaíochta*** agus tionsclaíocha a ***mbaineann*** cáilíocht áirithe***, clú nó*** saintréithe eile ***leo*** atá bainteach lena dtionscnamh geografach agus, |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Tá feidhm ag*** an Rialachán seo ***maidir le táirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha ***a liostaítear faoin*** | 1. ***Leis*** an Rialachán seo***, tugtar cosaint sui generis do thásca geografacha na dtáirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha |

***ainmníocht chomhcheangailte atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle [24]***

***[24] Rialachán (CEE) Uimh. 2685/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus le Rialachán na Comhtharaife Custaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).***

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Beidh*** feidhm ag ***córas na dtásc geografach a leagtar síos sa Rialachán seo d'ainneoin Threoir*** (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28]. | 4. ***Ní bheidh*** feidhm ag ***Treoir*** (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] ***maidir le córas na dtásc geografach a leagtar síos sa Rialachán seo***. |
| [28] Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1). | [28] Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1). |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn 'táirgí ***aerárthaí***' táirgí ***arna dtáirgeadh go hiomlán de láimh nó le cabhair ó uirlisí láimhe nó trí mhodhanna meicniúla, i gcás inarb é an rannchuidiú díreach de láimh an chomhpháirt is tábhachtaí den táirge*** | (a) ciallaíonn 'táirgí ***ceardaíochta agus tionsclaíocha***' táirgí |

***críochnaithe;***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe -i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i) a tháirgtear de láimh nó le cabhair ó uirlisí láimhe nó trí mhodhanna meicniúla, nó le cabhair ó uirlisí digiteacha agus uirlisí deartha eile faoi mhaoirseacht dhíreach an úinéara gnó (ón tionscadal go dtí céim na monaraíochta; nó*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe ii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii) a tháirgtear ar bhealach caighdeánaithe, agus trí mheaisíní a úsáid;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ciallaíonn 'táirgí tionsclaíocha' táirgí a tháirgtear ar bhealach caighdeánaithe, ar scála maise de ghnáth agus trí mheaisíní a úsáid;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) ciallaíonn 'tásc geografach' tásc arb é ainm limistéir gheografaigh atá ann nó a bhfuil ainm limistéir gheografaigh mar chuid de, nó tásc eile a dhéanann tagairt do limistéar den sórt sin, lena n-aithnítear gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh sin an t-earra, i gcás inar féidir cáilíocht áirithe, clú nó saintréith eile de chuid an earra a lua lena thionscnamh geografach go bunúsach;*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) ciallaíonn 'táirgeoir' oibreoir atá i mbun aon chéim i dtáirgeadh táirge a bhfuil a ainm faoi chosaint mar thásc geografach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí táirgthe nó próiseála, a chumhdaítear leis an tsonraíocht táirge;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ciallaíonn ***"***grúpa***"*** aon chomhlachas, ***is cuma cén fhoirm*** dhlíthiúil atá aige, ina bhfuil táirgeoirí nó ***próiseálaithe,*** den chuid is mó, atá ag obair leis an táirge céanna; | (d) ciallaíonn ***'***grúpa ***tairgeoirí'*** aon chomhlachas, ***beag beann ar an bhfoirm*** dhlíthiúil atá aige, ina bhfuil táirgeoirí***, monaróirí, próiseálaithe*** nó ***aon oibritheoir eile*** den chuid is mó, atá ag obair leis an táirge céanna; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ciallaíonn 'céim tháirgthe' aon chéim den ***áirgeadh***, ***den phróiseáil, den ullmhúchán nó den aosú,*** go dtí an pointe ***ag a mbíonn*** an táirge i bhfoirm a fhéadtar a chur ar an margadh ***inmheánach***; | (e) ciallaíonn 'céim tháirgthe' aon chéim den ***táirgeadh***, ***lena n-áirítear próiseáil, fáil, eastóscadh, gearradh nó ullmhú, a áirítear i sonraíochtaí an táirge táisc gheografaigh nó i dtuairisc ar an táirge táisc gheografaigh,*** go dtí an pointe***, ina bhfuil*** an táirge i bhfoirm a fhéadtar a chur ar an margadh; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) ciallaíonn 'táirgeoir' oibreoir atá i mbun aon chéime i dtáirgeadh táirge atá faoi chosaint táisc geografaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí próiseála, a chumhdaítear leis an tsonraíocht táirge;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ainmneacha táirgí, agus bíodh is go mbaineann siad leis an ionad, leis an réigiún nó leis an tír inar táirgeadh nó inar margaíodh an táirge i dtosach, arb iad an t-ainm coitianta ar an táirge san Aontas anois iad***;*** | (i) ainmneacha táirgí, agus bíodh is go mbaineann siad leis an ionad, leis an réigiún nó leis an tír inar táirgeadh nó inar margaíodh an táirge i dtosach, arb iad an t-ainm coitianta ar an táirge san Aontas anois iad***.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Ciallaíonn 'comhlacht deimhniúcháin táirgí' duine dlítheanach a dheimhníonn go gcomhlíonann táirgí atá ainmnithe ag tásca geografacha an tsonraíocht táirge, bíodh sé i bhfeidhmiú cúraim tarmligthe maidir le rialú oifigiúil nó i bhfeidhmiú aon sainordaithe eile; | (i) ciallaíonn 'comhlacht deimhniúcháin táirgí' duine dlítheanach***, atá creidiúnaithe go cuí,*** a dheimhníonn go gcomhlíonann táirgí atá ainmnithe ag tásca geografacha an tsonraíocht táirge, bíodh sé i bhfeidhmiú cúraim tarmligthe maidir le rialú oifigiúil nó i bhfeidhmiú aon sainordaithe eile; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(j a) ciallaíonn 'an Oifig' Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh mar a shainmhínítear í i Rialachán (AE) 2017/1001;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) Ciallaíonn *'*fógra barúlacha*'* breathnóireacht i scríbhinn arna taisceadh ***le hOifig Maoine Intleachtúla*** an ***Aontais Eorpaigh ('an*** Oifig***)*** lena léirítear míchruinnis san iarratas gan an nós imeachta freasúra a thionscnamh. | (k) ciallaíonn ***'***fógra barúlacha***'*** breathnóireacht i scríbhinn arna taisceadh ***leis*** an Oifig lena léirítear míchruinnis san iarratas gan an nós imeachta freasúra a thionscnamh. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(k a) ciallaíonn 'cosaint shonrach náisiúnta do thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha' teideal maoine intleachtúla faoin dlí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil lena gcosnaítear go sonrach na hainmneacha lena sainaithnítear táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a mbaineann cáilíocht áirithe, clú nó saintréithe eile leo atá bainteach lena dtionscnamh geografach, cé is moite de thrádmharcanna.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun ainm ***árthaigh agus*** táirge thionsclaíoch a cháiliú do chosaint ***"***tásc geografach***"***, comhlíonfaidh an táirge na ceanglais seo a leanas: | Chun ainm ***nó ainmneacha*** táirge ***ceardaíochta nó*** thionsclaíoch a cháiliú do chosaint ***'***tásc geografach***'***, comhlíonfaidh an táirge na ceanglais seo a leanas: |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***a*** dtarlaíonn ceann amháin de na céimeanna táirgthe ar a laghad sa limistéar geografach sainithe. | (c) ***go*** dtarlaíonn ceann amháin de na céimeanna ***suntasacha*** táirgthe ar a laghad sa limistéar geografach sainithe. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. ***Maidir le hiarratais ar chlárú tásc geografach a chur isteach, ní fhéadfaidh ach*** grúpa tairgeoirí ***táirge('***an grúpa táirgeoirí iarrthach***'***), arb é a ainm a mholtar a chlárú, iarratais a chur isteach. Féadfaidh comhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla cuidiú leis an iarratas a ullmhú agus leis an nós imeachta lena mbaineann. | 1. ***Déanfaidh*** grúpa tairgeoirí ***('***an grúpa táirgeoirí iarrthach***'***), arb é a ainm a mholtar a chlárú, iarratais ***ar chlárú tásc geografach*** a chur isteach. Féadfaidh comhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla cuidiú leis an iarratas a ullmhú agus leis an nós imeachta lena mbaineann. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***3 a. Beidh úsáid an táisc gheografaigh oscailte d'aon táirgeoir nua atá in ann na sonraíochtaí a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. ***Táirgí ceirde*** agus ***táirgí tionsclaíocha a bhfuil a n-ainmneacha cláraithe*** mar thásc geografach, comhlíonfaidh ***siad*** sonraíocht táirge, lena n-áireofar an méid seo a leanas ***ar a laghad***: | 1. ***Chun go gclárófaí ainm nó ainmneacha táirge ceardaíochta*** agus ***thionsclaíoch*** mar thásc geografach, comhlíonfaidh ***an táirge*** sonraíocht táirge, lena n-áireofar an méid seo a leanas: |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (a) an t-ainm atá le cosaint mar | (a) an t-ainm ***nó na hainmneacha*** atá |

| | |
|---|---|
| ***shonrúchán tionscnaimh nó mar*** thásc geografach a fhéadfaidh a bheith ***ina*** ainm geografach a thugtar ar an láthair táirgthe i gcás táirge sonrach, nó ainm a úsáidtear i réimse na trádála nó sa ghnáthchaint chun tuairisc a thabhairt ar an táirge sonrach sa limistéar geografach sainithe; | le cosaint mar thásc geografach a fhéadfaidh a bheith ***mar*** ainm geografach a thugtar ar an láthair táirgthe i gcás táirge sonrach, nó ainm a úsáidtear i réimse na trádála nó sa ghnáthchaint chun tuairisc a thabhairt ar an táirge sonrach sa limistéar geografach sainithe; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) cineál an táirge nó na dtáirgí a chumhdaítear leis an ainm nó leis na hainmneacha;*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) sonraíocht an limistéir gheografaigh shainithe ***lena gcruthaítear an nasc*** dá dtagraítear i ***bpointe (g***), | (c) sonraíocht an limistéir gheografaigh shainithe dá dtagraítear i ***bpointe (b***) ***d'Airteagal 5 agus na mionsonraí lena suitear an nasc idir an limistéar geografach agus cáilíocht áirithe***, ***clú nó saintréith eile de chuid an táirge;*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) fianaise gur de thionscnamh an ***limistéir gheografaigh shainithe*** a shonraítear i ***bpointe*** (c) d'***Airteagal 5 é an táirge***; | (d) fianaise gur de thionscnamh an ***táirge, agus go dtarlaíonn ceann amháin ar*** a ***laghad de na céimeanna suntasacha táirgthe, sa limistéar geografach sainithe mar a*** shonraítear i ***bpointí*** (***a) agus (***c) |

d'*Airteagal 5*;

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tuairisc ar an modh ina dtáirgtear an táirge nó a fhaightear é ***agus***, i gcás inarb iomchuí, ***ar*** na modhanna traidisiúnta agus na cleachtais shonracha ***arna n-úsáid***; | (e) tuairisc ar an modh ina dtáirgtear an táirge nó a fhaightear é ***lena n-áirítear***, i gcás inarb iomchuí, na modhanna traidisiúnta agus na cleachtais shonracha ***atá le húsáid***; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) i gcás inarb iomchuí, an nasc idir cáilíocht, clú nó saintréith eile an táirge agus an tásc geografach dá dtagraítear in Airteagal 5(2);*** | ***scriosta*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) ainm agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil nó an chomhlachta deimhniúcháin táirgí a fhíoraíonn go gcomhlíontar forálacha na sonraíochta táirge;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ceanglais eile ***is infheidhme*** i gcás ina ndéanann na Ballstáit nó grúpa táirgeoirí foráil maidir leo, ***más*** infheidhme, ag féachaint don fhíoras nach mór na ceanglais sin a bheith oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhoiriúnach ***leis an dlí náisiúnta agus*** le dlí an Aontais. | (i) ceanglais eile i gcás ina ndéanann na Ballstáit nó grúpa táirgeoirí foráil maidir leo, ***de réir mar is*** infheidhme, ag féachaint don fhíoras nach mór na ceanglais sin a bheith oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhoiriúnach le dlí an Aontais. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an t-ainm; | (i) an t-ainm; ***nó na hainmneacha atá le cosaint mar thásc geografach;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe a – pointe -i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i a) an cineál táirge (lámhdhéanta nó tionsclaíoch);*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) tuairisc ar an táirge, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rialacha sonracha maidir ***le pacáistiú*** agus lipéadú, | (ii) tuairisc ar an táirge, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ***na*** rialacha sonracha***, lena n-áirítear na hamhábhair agus faisnéis*** maidir ***leis an bpacáistiú*** agus ***an*** lipéadú, |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe a – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii a) príomhchéimeanna an táirgthe;*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) I gcás inar micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide nó grúpa táirgeoirí nach bhfuil ach micrifhiontair, fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide ann é an t-iarratasóir, is é údarás inniúil an Bhallstáit as a dtagann an grúpa táirgeoirí a fhéadfaidh an doiciméad aonair a ullmhú, ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 9. I gcás iarratais trasteorann, féadfaidh aon cheann de na húdaráis inniúla lena mbaineann an doiciméad aonair a ullmhú. I gcás ina gcinnfidh Ballstát úsáid a bhaint as an nós imeachta clárúcháin dhírigh dá dtagraítear in Airteagal 15, is í an Oifig a ullmhóidh an doiciméad aonair agus déanfar an spriocdháta don scrúdú a fhadú go hocht mí. Seolfaidh an t-údarás inniúil an doiciméad aonair chuig an iarratasóir lena fhormheas.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a b) Réasúnú leis na hainmneacha*** |

| | |
|---|---|
| | ***breise, i gcás ina n-áirítear níos mó ná ainm amháin.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh na nithe seo a leanas sa doiciméadacht a ghabhann leis an iarratas ar chlárú (***"doiciméid*** tionlacain***"***): | 1. Beidh na nithe seo a leanas sa doiciméadacht a ghabhann leis an iarratas ar chlárú ***dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 17*** (***'doiciméadacht*** tionlacain***'***): |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh na Ballstáit táille a ghearradh chun na costais a bhaineann le bainistiú chóras na dtásc geografach ***do tháirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chumhdach, lena n-áirítear na costais a thabhaítear le linn iarratais, ráitis cur i gcoinne, iarratais ar leasuithe ***agus*** iarrataí ar chealú a phróiseáil. | 1. Féadfaidh na Ballstáit táille a ghearradh chun na costais ***imeallacha*** a bhaineann le bainistiú chóras na dtásc geografach ***le haghaidh táirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chumhdach, lena n-áirítear na costais a thabhaítear le linn iarratais, ráitis cur i gcoinne, iarratais ar leasuithe***,*** iarrataí ar chealú ***agus, i gcás inarb infheidhme, achomhairc*** a phróiseáil. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***I gcás ina ngearrann Ballstát*** táille, beidh leibhéal na dtáillí réasúnta, cothóidh sé iomaíochas tháirgeoirí na dtásc geografach agus ***cuirfidh sé staid na micrifhiontar*** agus ***na bhfiontar beag*** agus | 2. ***Aon*** táille ***a ghearrfar faoin Airteagal seo***, beidh leibhéal na dtáillí réasúnta, cothóidh sé iomaíochas tháirgeoirí na dtásc geografach agus ***déanfaidh sé foráil maidir le laghduithe*** |

| | |
|---|---|
| ***meánmhéide san áireamh***. | ***do mhicrifhiontair*** agus ***d'fhiontair bheaga*** agus ***mheánmhéide***. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní ghearrfaidh an Oifig ***aon táille as aon nós*** imeachta faoin Rialachán seo. | 3. Ní ghearrfaidh an Oifig ***táillí as nósanna*** imeachta faoin Rialachán seo***, cé is moite de na cásanna a liostaítear i mír 4***. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, gearrfaidh*** an Oifig táille ***sa nós imeachta clárúcháin dhírigh dá dtagraítear in Airteagal 15, sa nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 17(3) agus as na hachomhairc os comhair na mBord Achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 30. Féadfar táillí*** a ghearradh ***freisin as an tsonraíocht táirge agus an cealú táirge a leasú má bhaineann an nós imeachta le hainm a cláraíodh faoi Airteagal 15 nó Airteagal 17(3).*** | 4. ***Féadfaidh*** an Oifig táille a ghearradh ***i leith na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(a) an nós imeachta clárúcháin dhírigh, dá dtagraítear in Airteagal 15;*** |
| | ***(b) an nós imeachta a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tír nó tríú tíortha, dá dtagraítear in Airteagal 17(3); agus*** |
| | ***(c) achomhairc os comhair na mBord Achomhairc, dá dtagraítear in Airteagal 30.*** |
| | ***Féadfar táillí a ghearradh freisin as leasú ar shonraíocht táirge agus as cur i gcoinne agus cealú an táisc gheografaigh*** |

| | |
|---|---|
| | ***má bhaineann an nós imeachta le hainm a cláraíodh faoi Airteagal 15 nó Airteagal 17(3).*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun méideanna na dtáillí a ghearrann an Oifig agus na bealaí ina n-íocfar iad nó, i gcás táille as achomhairc os comhair na mBord Achomhairc, a aisíoc. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2). | 5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun méideanna na dtáillí a ghearrann an Oifig agus na bealaí ina n-íocfar iad nó, i gcás táille as achomhairc os comhair na mBord Achomhairc, a aisíoc. ***Áiritheofar leis na gníomhartha cur chun feidhme sin go mbeidh aon táillí a ghearrfar réasúnta, go gcothófar iomaíochas tháirgeoirí na dtásc geografach leo agus go gcuirfear san áireamh leo cás sonrach na micrifhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide.*** Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2). |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Áiritheoidh an t-údarás inniúil gur féidir le hiarratasóirí a n-iarratais a chur isteach go leictreonach trí chóras digiteach na hOifige de réir Airteagail 18(1) agus 64.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Féadfaidh na Ballstáit, a chomhaontaigh leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, a gcomhaontú a neamhniú agus nós imeachta difriúil a roghnú tar éis dóibh fógra i scríbhinn a thabhairt don pháirtí eile nó do pháirtithe eile an chomhaontaithe. Má tá an t-údarás inniúil atá ag gníomhú thar ceann Ballstáit nó Ballstát eile lonnaithe i mBallstát a fhéachann leis an gcomhaontú a neamhniú, tabharfaidh an Ballstát sin fógra don pháirtí nó do na páirtithe eile faoin gcomhaontú go bhfuil sé ar intinn aige an comhaontú a neamhniú i scríbhinn 6 mhí ar a laghad roimh dháta an neamhnithe.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Scrúdóidh an t-údarás inniúil an t-iarratas agus seiceálfaidh sé go gcomhlíonann an táirge na ceanglais maidir le tásca geografacha dá dtagraítear in ***Airteagal 5*** agus go soláthraíonn sé an fhaisnéis is gá le haghaidh clárúcháin dá dtagraítear in ***Airteagail*** *7*, 8 agus 9. | Scrúdóidh an t-údarás inniúil an t-iarratas agus seiceálfaidh sé ***laistigh de 6 mhí ón uair a chuirtear an t-iarratas isteach*** go gcomhlíonann an táirge na ceanglais maidir le tásca geografacha dá dtagraítear in ***Airteagal 5*** agus go soláthraíonn sé an fhaisnéis ***agus na fianaisí*** is gá le haghaidh clárúcháin dá dtagraítear in ***Airteagail*** *7*, 8 agus 9*.* ***I gcás inar faide ná 6 mhí an tréimhse scrúdúcháin nó inar dócha gur faide ná sé mhí í, cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarratasóir ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an moill i scríbhinn. Ní rachaidh an próiseas scrúdúcháin thar 18 mí.***<br><br>***I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 8(1a (nua), féadfaidh an t-údarás inniúil an doiciméad aonair a ullmhú ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le*** |

| | |
|---|---|
| | ***hAirteagail 7 agus 9 agus é a sheoladh chuig an iarratasóir lena fhormheas.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tar éis an scrúdú dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt chun críche, seolfaidh an t-údarás inniúil nós imeachta freasúra náisiúnta. Leis an nós imeachta sin, áiritheofar go bhfoilseofar an t-iarratas agus forálfar leis do thréimhse 60 lá ar a laghad ó dháta foilsithe an iarratais ar lena linn a fhéadfaidh aon duine a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí ar chríoch an Bhallstáit atá i gceannas ar chéim náisiúnta an chláraithe nó na mBallstát inar thionscain an táirge lena mbaineann (‘freasúr náisiúnta’) cur i gcoinne an iarratais a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit atá i gceannas ar chéim náisiúnta an chlárúcháin. | 1. Tar éis an scrúdú dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt chun críche, seolfaidh an t-údarás inniúil nós imeachta freasúra náisiúnta. Leis an nós imeachta sin, áiritheofar go bhfoilseofar an t-iarratas agus forálfar leis do thréimhse 60 lá ***oibre*** ar a laghad ó dháta foilsithe an iarratais ar lena linn a fhéadfaidh aon duine a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí ar chríoch an Bhallstáit atá i gceannas ar chéim náisiúnta an chláraithe nó na mBallstát inar thionscain an táirge lena mbaineann (‘freasúr náisiúnta’) cur i gcoinne an iarratais a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit atá i gceannas ar chéim náisiúnta an chlárúcháin. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Bunóidh*** an t-údarás inniúil ***socruithe mionsonraithe an nós imeachta*** freasúra***. Féadfar a áireamh sna socruithe mionsonraithe sin critéir maidir le hinghlacthacht freasúra, tréimhse comhairliúcháin idir an t-iarratasóir agus gach freasúróir náisiúnta, agus tuarascáil ón iarratasóir maidir le toradh na gcomhairliúchán lena n-áirítear aon athruithe a rinne an t-iarratasóir*** ar an ***iarratas***. | 2. ***Déanfaidh*** an t-údarás inniúil ***a inghlactha atá an fhreasúra a sheiceáil. Má mheasann sé go bhfuil an*** freasúra ***inghlactha, laistigh de 30 lá tar éis an freasúra sin a fháil, iarrfaidh sé*** ar an ***fhreasúróir sin agus ar an iarratasóir, dul i mbun comhairliúcháin ar feadh tréimhse réasúnach nach faide ná 3 mhí***. ***Aon tráth le linn na tréimhse sin, féadfaidh an t-údarás inniúil, ar iarraidh ó cheachtar de na páirtithe, síneadh nach faide ná 3 mhí a chur leis an teorainn*** |

***ama le haghaidh an chomhairliúcháin.***

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Bunóidh an t-údarás inniúil tuarascáil oibiachtúil neamhchlaonta tar éis na tréimhse freasúra náisiúnta.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. I gcás ina bhfaighidh údarás Ballstáit freasúra ó aon duine a bhfuil leas dlisteanach aige ach nach bhfuil bunaithe ná ina chónaí ar chríoch an Bhallstáit atá i gceannas ar chéim náisiúnta an chlárúcháin nó ar chríoch na mBallstát ina dtionscnaítear an táirge lena mbaineann, cuirfidh an t-údarás inniúil an duine leasmhar ar an eolas faoina neamh-incháilitheacht le linn na céime náisiúnta agus cuirfidh sé an freasúra sin ar aghaidh chuig an Oifig ag deireadh chéim náisiúnta an chlárúcháin.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Má chinneann an t-údarás inniúil, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus tar éis dó measúnú a dhéanamh ar thorthaí aon ***chur i gcoinne*** a fhaightear, | 1. Má chinneann an t-údarás inniúil, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus tar éis dó measúnú a dhéanamh ar thorthaí aon ***fhreasúra*** a fhaightear, agus ar |

| | |
|---|---|
| agus ar aon athruithe ar an iarratas a comhaontaíodh leis an iarratasóir, go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh, déanfaidh sé cinneadh fabhrach agus taiscfidh sé iarratas ar chlárú ón Aontas i gcomhréir le hAirteagal 17. | aon athruithe ar an iarratas a comhaontaíodh leis an iarratasóir, go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh, déanfaidh sé cinneadh fabhrach ***laistigh de 2 mhí*** agus ***laistigh de 2 mhí ón gcinneadh fabhrach*** taiscfidh sé iarratas ar chlárú ón Aontas i gcomhréir le hAirteagal 17. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar ***Airteagal 11, tabharfar de chumhacht don Choimisiún*** Ballstát a dhíolmhú ***ón*** oibleagáid údarás inniúil a ainmniú i gcomhréir le ***hAirteagal 11***(1) agus bainistiú na n-iarratas ar thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar an leibhéal náisiúnta a láimhseáil, má dhéanann an Ballstát, faoi ***6*** mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***fianaise*** a chur ar ***fáil don Choimisiún*** lena ***léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:*** | 1. De mhaolú ar ***Airteagal 11, féadfaidh*** Ballstát a dhíolmhú ***ó*** oibleagáid údarás inniúil a ainmniú i gcomhréir le ***hAirteagal 11***(1) agus bainistiú na n-iarratas ar thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar an leibhéal náisiúnta a láimhseáil, má dhéanann an Ballstát, faoi ***shé*** mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***an Coimisiún*** a chur ar ***an eolas maidir*** lena ***chinneadh.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) níl córas sui generis náisiúnta i bhfeidhm ag an mBallstát lena mbaineann chun tásca geografacha a bhainistiú le haghaidh árthaí agus táirgí tionsclaíocha; agus*** | ***scriosta*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh ar rogha an diúltaithe, a mbeidh measúnú ag gabháil léi, faoi bhráid an Choimisiúin ina léireofar nach bhfuil an leas áitiúil a bhaineann le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint le tásc geografach íseal.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát ***sula nglacfaidh sé Cinneadh ón gCoimisiún*** maidir leis an maolú dá dtagraítear i ***mír 1***. | 2. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát maidir leis an maolú dá dtagraítear i ***mír 1***. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Nuair a bhaineann Ballstát úsáid as an maolú i gcomhréir le mír 1, beidh an t-iarratas ó ***ghrúpa táirgeoirí*** an Bhallstáit sin ar shonraíocht táirge do thásc geografach de thionscnamh an Aontais a chlárú, a chealú nó a leasú dírithe go díreach chuig an Oifig. | 3. Nuair a bhaineann Ballstát úsáid as an maolú i gcomhréir le mír 1, beidh an t-iarratas ó ***iarratasóir de chuid*** an Bhallstáit sin ar shonraíocht táirge do thásc geografach de thionscnamh an Aontais a chlárú, a chealú nó a leasú dírithe go díreach chuig an Oifig. ***I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 8(1a (nua), féadfaidh an t-údarás inniúil an doiciméad aonair a ullmhú ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 9 agus é a sheoladh chuig an iarratasóir lena fhormheas.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Má théann líon na n-iarratas díreach arna gcur isteach ag iarratasóirí ó Bhallstát a roghnaigh é a dhéanamh go substaintiúil thar an meastachán a tugadh sa mheasúnú a chuir an Ballstát isteach de bhun mhír 1, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh dá dtagraítear i mír 2 a tharraingt siar.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Arna iarraidh sin don Oifig, laistigh de 60 lá ón iarraidh sin a fháil, ***tabharfaidh*** an Ballstát, tríd an bpointe teagmhála, cúnamh ***do*** phróiseas an scrúdaithe ***go háirithe***. Arna iarraidh sin don Bhallstát, féadfar síneadh 60 lá a chur leis an teorainn ama. Áireofar ar an gcúnamh sin scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha áirithe de na hiarratais arna dtaisceadh ag an iarratasóir leis an Oifig, faisnéis áirithe sna hiarratais a fhíorú, dearbhuithe a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a eisiúint agus freagra a thabhairt ar iarrataí eile ar shoiléirithe arna ndéanamh ag an Oifig i ndáil leis na hiarratais. | 8. Arna iarraidh sin don Oifig, laistigh de 60 lá ***oibre*** ón iarraidh sin a fháil, ***soláthróidh*** an Ballstát, tríd an bpointe teagmhála, cúnamh ***go háirithe i leith*** phróiseas an scrúdaithe. Arna iarraidh sin don Bhallstát, féadfar síneadh 60 lá ***oibre*** a chur leis an teorainn ama. Áireofar ar an gcúnamh sin scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha áirithe de na hiarratais arna dtaisceadh ag an iarratasóir leis an Oifig, faisnéis áirithe sna hiarratais a fhíorú, dearbhuithe a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a eisiúint agus freagra a thabhairt ar iarrataí eile ar shoiléirithe arna ndéanamh ag an Oifig i ndáil leis na hiarratais. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le tásca geografacha a bhaineann le táirgí de thionscnamh an Aontais, is é a bheidh in iarratas an Aontais ar chlárú arna chur faoi bhráid na hOifige ag Ballstát: | 1. Maidir le tásca geografacha a bhaineann le táirgí de thionscnamh an Aontais, is é a bheidh in iarratas an Aontais ar chlárú arna chur faoi bhráid na hOifige ag ***iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 15 nó ag*** Ballstát: |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dearbhú ón mBallstát ar cuireadh an t-iarratas chuige ar dtús, ina ndeimhnítear go gcomhlíonann an t-iarratas na coinníollacha maidir le clárú; | (c) ***i gcás inarb infheidhme,*** dearbhú ón mBallstát ar cuireadh an t-iarratas chuige ar dtús, ina ndeimhnítear go gcomhlíonann an t-iarratas na coinníollacha maidir le clárú ***faoin Rialacháin seo agus nach ndearnadh aon fhreasúra ar an leibhéal náisiúnta***; |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le tásca geografacha a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tír nó tríú tíortha, cuirtear an t-iarratas ar chlárú faoi bhráid na hOifige, beidh an méid seo a leanas ***san iarratas sin ar chlárú***: | 3. Maidir le tásca geografacha a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tír nó tríú tíortha, cuirtear an t-iarratas ar chlárú faoi bhráid na hOifige, ***ní fhéadfaidh ach tríú tíortha a aithníonn agus a fhorfheidhmíonn tásca geografacha an Aontais an t-iarratas sin ar chlárú a chur isteach agus*** beidh an méid seo a leanas ***ann***: |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh ceann amháin de na Ballstáit lena mbaineann nó grúpa táirgeoirí iarrthach i dtríú tír iarratas comhpháirteach ar chlárú dá dtagraítear in Airteagal 6(4) a chur isteach, go díreach nó trí údaráis an tríú tír sin. Má bhaineann an limistéar trasteorann le haon Bhallstát agus tríú tír, is é an Ballstát lena mbaineann a thíolacfaidh an t-iarratas comhpháirteach. | 4. Déanfaidh ceann amháin de na Ballstáit lena mbaineann nó grúpa táirgeoirí iarrthach i dtríú tír iarratas comhpháirteach ar chlárú dá dtagraítear in Airteagal 6(4) a chur isteach, go díreach nó trí údaráis an tríú tír sin. Má bhaineann an limistéar trasteorann le haon Bhallstát agus tríú tír, is é an Ballstát lena mbaineann a thíolacfaidh an t-iarratas comhpháirteach. ***Má bhaineann an limistéar trasteorann le haon Bhallstát nó Ballstáit a fuair maolú ó Airteagal 11 agus tríú tír nó tíortha, is iad na grúpaí táirgeoirí iarrthach a thíolacfaidh an t-iarratas comhpháirteach.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áireofar san iarratas comhpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 6(4)***, i gcás inarb ábhartha,*** na doiciméid a liostaítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, ó na Ballstáit nó ó na tríú tíortha lena mbaineann. Is sna Ballstáit agus sna tríú tíortha uile lena mbaineann a dhéanfar an nós imeachta náisiúnta a bhaineann leis an iarratas, leis an nós imeachta scrúdúcháin agus leis an nós imeachta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 11, in Airteagal 12 agus in Airteagal 13. | 5. Áireofar san iarratas comhpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 6(4) na doiciméid a liostaítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, ó na Ballstáit ***lena mbaineann*** nó***, i gcás inarb ábhartha, na doiciméid a liostaítear i mír 3 den Airteagal seo,*** ó na tríú tíortha lena mbaineann. Is sna Ballstáit agus sna tríú tíortha uile lena mbaineann a dhéanfar an nós imeachta náisiúnta a bhaineann leis an iarratas, leis an nós imeachta scrúdúcháin agus leis an nós imeachta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 11, in Airteagal 12 agus in Airteagal 13. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) comhlíonann an t-iarratas an sainmhíniú ar an tásc geografach dá bhforáiltear in Airteagal 3;*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina gcinnfidh an Oifig, bunaithe ar an scrúdú a rinneadh de bhun mhír 1, go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó mícheart, cuirfidh an Oifig a barúlacha chuig an mBallstát, nó i gcás iarratas ó thríú tír, chuig an ngrúpa táirgeoirí ábhartha nó chuig an údarás inniúil ábhartha a chuir isteach an t-iarratas Aontais, arb as a dtionscnaíonn an t-iarratas agus óna n-iarrtar air an t-iarratas a chomhlánú nó a cheartú laistigh de 60 lá. Mura gcomhlánaíonn an Ballstát, nó i gcás iarratas tríú tír, an grúpa táirgeoirí ábhartha nó an t-údarás inniúil, an t-iarratas faoin spriocdháta, measfar an t-iarratas a bheith tarraingthe siar, nó mura gceartófar é, diúltófar é de bhun Airteagal 24(2). | 6. I gcás ina gcinnfidh an Oifig, bunaithe ar an scrúdú a rinneadh de bhun mhír 1, go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó mícheart, cuirfidh an Oifig a barúlacha chuig an mBallstát, nó i gcás iarratas ó thríú tír, chuig an ngrúpa táirgeoirí ábhartha nó chuig an údarás inniúil ábhartha a chuir isteach an t-iarratas Aontais, arb as a dtionscnaíonn an t-iarratas agus óna n-iarrtar air an t-iarratas a chomhlánú nó a cheartú laistigh de 60 lá ***oibre***. Mura gcomhlánaíonn an Ballstát, nó i gcás iarratas tríú tír, an grúpa táirgeoirí ábhartha nó an t-údarás inniúil, an t-iarratas faoin spriocdháta, measfar an t-iarratas a bheith tarraingthe siar, nó mura gceartófar é, diúltófar é de bhun Airteagal 24(2). ***Arna iarraidh sin, féadfar síneadh 2 mhí a chur leis an teorainn ama.*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Coinneoidh ***na Ballstáit an Coimisiún*** ar an eolas maidir le haon ***nós imeachta*** náisiúnta riaracháin nó | 1. Coinneoidh ***údaráis inniúil an Bhallstáit an Oifig*** ar an eolas maidir le haon ***imeachtaí*** náisiúnta riaracháin nó |

| | |
|---|---|
| breithiúnach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chlárú táisc gheografaigh. | breithiúnach***, in aghaidh*** a ***cinnidh, a*** d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chlárú táisc gheografaigh. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Díolmhófar an ***Coimisiún*** ón oibleagáid cloí leis an spriocdháta don ***ghrinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 19(2***) a dhéanamh agus na cúiseanna leis an moill a chur in iúl don iarratasóir, i gcás ina bhfaigheann ***sé*** teachtaireacht ó ***Bhallstát***, maidir le hiarratas ar chlárú gcomhréir le hAirteagal 14(1), ar cumarsáid í: | 2. Díolmhófar an ***Oifig*** ón oibleagáid cloí leis an spriocdháta don ***scrúdú a leagtar síos in Airteagal 19(3***) a dhéanamh agus na cúiseanna leis an moill a chur in iúl don iarratasóir, i gcás ina bhfaigheann ***sí*** teachtaireacht ó ***údaráis inniúil an Bhallstáit***, maidir le hiarratas ar chlárú ***i*** gcomhréir le hAirteagal 14(1), ar cumarsáid í: |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) lena gcuirtear in iúl don ***Choimisiún*** go ndearnadh an cinneadh dá dtagraítear in ***Airteagal 14***(1) a neamhbhailíochtú ar an leibhéal náisiúnta trí ***chinneadh*** breithiúnach is infheidhme láithreach ach nach cinneadh ***breithiúnach*** críochnaitheach é; nó | (a) lena gcuirtear in iúl don ***Oifig*** go ndearnadh an cinneadh dá dtagraítear in ***Airteagal 14***(1) a neamhbhailíochtú ar an leibhéal náisiúnta trí ***bhíthin cinneadh riarachán nó*** breithiúnach is infheidhme láithreach***,*** ach nach cinneadh críochnaitheach é; nó |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) lena n-iarrtar ar an ***gCoimisiún an grinnscrúdú*** a chur ar fionraí toisc gur | (b) lena n-iarrtar ar an ***Oifig an scrúdú*** a chur ar fionraí toisc gur tionscnaíodh |

| | |
|---|---|
| tionscnaíodh imeachtaí náisiúnta breithiúnacha ***nó riaracháin*** chun agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht an iarratais ***agus toisc go measann na Ballstáit go bhfuil na himeachtaí sin bunaithe ar fhorais bhailí***. | imeachtaí náisiúnta ***riaracháin nó*** breithiúnacha chun agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht an iarratais. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh éifeacht ag an díolúine go dtí go gcuirfidh an ***Ballstát*** in iúl don ***Choimisiún go bhfuil an t-iarratas bunaidh infheidhme arís nó go bhfuil an iarraidh ar fhionraí á tarraingt siar ag an mBallstát***. | 3. Beidh éifeacht ag an díolúine ***a leagtar amach i mír 2*** go dtí go gcuirfidh ***údarás inniúil*** an ***Bhallstáit*** in iúl don ***Oifig nach ann don chúis leis an bhfionraí a thuilleadh***. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Má tá feidhm res judicata faighte ag an gcinneadh*** breithiúnach dá dtagraítear i ***mír 2, déanfaidh an Ballstát an t-iarratas a tharraingt siar nó a mhodhnú*** de réir mar is gá. | 4. ***Nuair a bheidh an cinneadh*** breithiúnach dá dtagraítear i ***mír 2 críochnaitheach, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit an Oifig ar an eolas dá réir sin,*** de réir mar is gá. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh inghlacthacht an fhreasúra a sheiceáil. Má mheasann an Oifig go bhfuil an freasúra inghlactha, tabharfaidh sí cuireadh don | 3. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh inghlacthacht an fhreasúra a sheiceáil. Má mheasann an Oifig go bhfuil an freasúra inghlactha, tabharfaidh sí cuireadh don |

fhreasúróir agus don iarratasóir, laistigh de 60 lá tar éis an freasúra sin a fháil, dul i mbun comhairliúcháin ar feadh tréimhse réasúnach nach faide ná 3 mhí. Tráth ar bith le linn na tréimhse sin, féadfaidh an Oifig, ar iarratas ó cheachtar páirtí, síneadh nach faide ná 3 mhí a chur leis an teorainn ama le haghaidh na gcomhairliúchán. Féadfaidh an Oifig idirghabháil a thairiscint do na comhairliúcháin idir an t-iarratasóir agus an freasúróir de bhun Airteagal 170 de Rialachán (AE) 2017(1001).

fhreasúróir agus don iarratasóir, laistigh de 60 lá ***oibre*** tar éis an freasúra sin a fháil, dul i mbun comhairliúcháin ar feadh tréimhse réasúnach nach faide ná 3 mhí. Tráth ar bith le linn na tréimhse sin, féadfaidh an Oifig, ar iarratas ó cheachtar páirtí, síneadh nach faide ná 3 mhí a chur leis an teorainn ama le haghaidh na gcomhairliúchán. Féadfaidh an Oifig idirghabháil a thairiscint do na comhairliúcháin idir an t-iarratasóir agus an freasúróir de bhun Airteagal 170 de Rialachán (AE) 2017(1001).

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Laistigh de mhí amháin ó dheireadh na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2, tabharfaidh an t-iarratasóir atá bunaithe sa tríú tír nó údarás inniúil an Bhallstáit nó údarás inniúil an tríú tír ónar taisceadh an t-iarratas ar chlárú an Aontais fógra don Oifig faoi thoradh na gcomhairliúchán, cibé acu ar thángthas ar chomhaontú le ceann amháin nó le gach ceann de na freasúraí, agus faoi aon athruithe a rinne an t-iarratasóir sin dá thoradh sin ar an iarratas. Féadfaidh an freasúróir fógra a thabhairt don Oifig freisin faoina seasamh ag deireadh na gcomhairliúchán. | 6. Laistigh de mhí amháin ó dheireadh na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2, tabharfaidh an t-iarratasóir atá bunaithe sa tríú tír nó údarás inniúil an Bhallstáit nó údarás inniúil an tríú tír ónar taisceadh an t-iarratas ar chlárú an Aontais fógra don Oifig ***agus, i gcás inarb infheidhme, do na grúpaí táirgeoirí nó táirgeoirí aonair ábhartha*** faoi thoradh na gcomhairliúchán, cibé acu ar thángthas ar chomhaontú le ceann amháin nó le gach ceann de na freasúraí, agus faoi aon athruithe a rinne an t-iarratasóir sin dá thoradh sin ar an iarratas. Féadfaidh an freasúróir fógra a thabhairt don Oifig freisin faoina seasamh ag deireadh na gcomhairliúchán. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go mbeadh sé contrártha d'Airteagal | (b) go mbeadh sé contrártha d'Airteagal |

| | |
|---|---|
| 38 nó 39 an tásc geografach atá beartaithe a chlárú; | ***35, 37,*** 38 nó 39 an tásc geografach atá beartaithe a chlárú; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar d'Airteagal ***42***, tráth ***am chláraithe***, féadfaidh an Oifig a chinneadh idirthréimhse suas le ***5*** bliana a dheonú do tháirgí ar lena linn is féidir leanúint d'ainmniúchán faoina ndearnadh táirge a mhargú a úsáid i gcás táirgí de thionscnamh Ballstáit nó tríú tír, ar ainmniúchán é a chuimsíonn ainm atá contrártha d'Airteagal 35 nó ina bhfuil ainm den sórt sin, ar choinníoll go léirítear an méid seo a leanas le hagóid inghlactha agus a bhfuil foras léi, faoi Airteagal 13 agus Airteagal 21, i gcoinne an iarratais ar chlárú an táisc gheografaigh a ndéantar a chosaint a shárú: | 1. Gan dochar d'Airteagal ***[42]***, tráth ***cláraithe an táisc gheografaigh***, féadfaidh an Oifig a chinneadh idirthréimhse suas le ***3*** bliana a dheonú do tháirgí ar lena linn is féidir leanúint d'ainmniúchán faoina ndearnadh táirge a mhargú a úsáid i gcás táirgí de thionscnamh Ballstáit nó tríú tír, ar ainmniúchán é a chuimsíonn ainm atá contrártha d'Airteagal 35 nó ina bhfuil ainm den sórt sin, ar choinníoll go léirítear an méid seo a leanas le hagóid inghlactha agus a bhfuil foras léi, faoi Airteagal 13 agus Airteagal 21, i gcoinne an iarratais ar chlárú an táisc gheografaigh a ndéantar a chosaint a shárú: |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an Oifig a chinneadh síneadh suas le ***15 bliana,*** a chur leis an idirthréimhse a deonaíodh faoi mhír 1, nó úsáid leanúnach ar feadh suas le ***15*** bliana a cheadú, ar choinníoll go léireofar, anuas air sin, an méid seo a leanas: | 2. Féadfaidh an Oifig a chinneadh síneadh suas le ***5 bliana*** a chur leis an idirthréimhse a deonaíodh faoi mhír 1, nó úsáid leanúnach ar feadh suas le ***5*** bliana a cheadú, ar choinníoll go léireofar, anuas air sin, an méid seo a leanas: |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) níor cuireadh an tomhaltóir ar míthreoir ***ná ní fhéadfaí é a chur ar míthreoir*** maidir le fíorthionscnamh an táirge. | (c) níor cuireadh an tomhaltóir ar míthreoir maidir le fíorthionscnamh an táirge. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Ar mhaithe le deacrachtaí sealadacha a shárú, agus é mar chuspóir fadtéarmach a áirithiú go gcomhlíonfaidh na táirgeoirí táirge uile arna ainmniú faoi thásc geografach i gceantar lena mbaineann sonraíocht ghaolmhar an táirge,*** féadfaidh Ballstát idirthréimhse suas le ***10 mbliana*** le haghaidh comhlíonadh a dheonú, le héifeacht ón dáta a taisceadh an t-iarratas leis an ***gCoimisiún***, ar choinníoll go ***raibh*** na táirgí i dtrácht ***á margú*** go dleathach ag na hoibreoirí lena mbaineann, agus na hainmneacha ***sin in úsáid acu,*** go leanúnach***,*** ar feadh 5 bliana ***roimhe sin*** ar a laghad ***sular taisceadh an t-iarratas*** le húdaráis an Bhallstáit agus gur ***dúradh*** sin sa nós imeachta náisiúnta freasúra dá dtagraítear in ***Airteagal 13***. | 5. Féadfaidh Ballstát idirthréimhse suas le ***5 bliana*** le haghaidh comhlíonadh a dheonú, le héifeacht ón dáta a taisceadh an t-iarratas leis an ***Oifig***, ***do tháirgeoirí táirge atá ainmnithe faoi thásc geografach chun a áirithiú go gcomhlíonfar sonraíocht ghaolmhar an táirge sa limistéar lena mbaineann,*** ar choinníoll go ***bhfuil*** na táirgí i dtrácht ***curtha ar an margadh*** go dleathach ag na hoibreoirí lena mbaineann, agus na hainmneacha ***lena mbaineann á n-úsáid*** go leanúnach ar feadh 5 bliana ar a laghad ***roimh thaisceadh an iarratais*** le húdaráis an Bhallstáit ***sin*** agus gur ***thagair siad dó*** sin sa nós imeachta náisiúnta freasúra dá dtagraítear in ***Airteagal 13***. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. beidh feidhm mutatis mutandis ag ***mír 5 maidir*** le tásc geografach lena dtagraítear do limistéar geografach i dtríú tír***, ach is eisceacht air sin an nós*** | 6. Beidh feidhm mutatis mutandis ag ***mír 5, cé is moite den nós imeachta freasúra, maidir*** le tásc geografach lena dtagraítear do limistéar geografach i dtríú |

| | |
|---|---|
| ***imeachta freasúra*.** | tír. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Más rud é, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ón ngrinnscrúdú a dhéantar de bhun Airteagal 19, go measann an Coimisiún nach gcomhlíontar aon cheann de na ceanglais dá dtagraítear ann, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme lena ndiúltófar an t-iarratas ar chlárú. | 2. Más rud é, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ón ngrinnscrúdú a dhéantar de bhun Airteagal 19, go measann an Coimisiún nach gcomhlíontar aon cheann de na ceanglais dá dtagraítear ann, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme lena ndiúltófar an t-iarratas ar chlárú. ***Féadfaidh an Oifig diúltú an iarratais ar thásc geografach a fhoilsiú.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Foilseofar cinntí arna nglacadh ag an Oifig i gclár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh ceardaíochta agus táirgí tionsclaíocha i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Foilseofar an tagairt d’ainm an táirge, ***d’aicme*** an táirge, do thásca na tíre tionscnaimh nó na dtíortha tionscnaimh agus don tagairt don chinneadh a foilsíodh i gclár an Aontais de thásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | 7. Foilseofar cinntí arna nglacadh ag an Oifig i gclár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh ceardaíochta agus táirgí tionsclaíocha i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Foilseofar an tagairt d’ainm an táirge, ***do chineál*** an táirge, do thásca na tíre tionscnaimh nó na dtíortha tionscnaimh agus don tagairt don chinneadh a foilsíodh i gclár an Aontais de thásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Oifig clár leictreonach Aontais de thásca geografacha le haghaidh ***árthaí*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha, a mbeidh rochtain ag an bpobal air, a fhorbairt, a choinneáil agus a chothabháil chun tásca geografacha a bhainistiú le haghaidh ***árthaí*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha. | 1. Déanfaidh an Oifig clár leictreonach Aontais de thásca geografacha le haghaidh ***táirgí ceardaíochta*** agus tionsclaíocha, a mbeidh rochtain ***éasca*** ag an bpobal air, a fhorbairt, a choinneáil agus a chothabháil chun tásca geografacha a bhainistiú le haghaidh ***táirgí ceardaíochta*** agus tionsclaíocha. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***ainm cláraithe an táirge***; | (a) ***ainmneacha an táisc gheografaigh arna chlárú mar 'tásc geografach faoi chosaint'***; |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***aicme*** an táirge***;*** | (b) ***cineál*** an táirge***:*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Féadfar*** tásca geografacha a bhaineann le táirgí ó thríú tíortha agus atá faoi chosaint san Aontas faoi chomhaontú idirnáisiúnta ina bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach a chlárú i gclár an Aontais um thásca geografacha le haghaidh | 4. ***Déanfar*** tásca geografacha a bhaineann le táirgí ***ceardaíochta agus tionsclaíocha*** ó thríú tíortha agus atá faoi chosaint san Aontas faoi chomhaontú idirnáisiúnta ina bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach a chlárú i gclár an |

| | |
|---|---|
| táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Déanfar tásca geografacha seachas iad siúd atá faoi chosaint san Aontas ***de bhun Airteagal 7 de Rialachán AE 2019/5713*** a chlárú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in ***Airteagal 65***(2). | Aontais um thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Déanfar tásca geografacha ***tríú tír*** seachas iad siúd atá faoi chosaint san Aontas ***faoi Ionstraim na Ginéive*** a chlárú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in ***Airteagal 65***(2). |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. I dtaca le doiciméadacht a bhaineann le clárú táisc gheografaigh, coinneoidh an Coimisiún an doiciméadacht sin i bhfoirm dhigiteach nó i bhfoirm pháipéir ar feadh thréimhse bhailíochta an táisc gheografaigh, agus i gcás ***cealú***, go ceann 10 mbliana eile dá éis sin. | 7. I dtaca le doiciméadacht a bhaineann le clárú táisc gheografaigh, coinneoidh an Coimisiún an doiciméadacht sin i bhfoirm dhigiteach nó i bhfoirm pháipéir ar feadh thréimhse bhailíochta an táisc gheografaigh, agus i gcás ***cealaithe nó diúltaithe***, go ceann 10 mbliana eile dá éis sin. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh an Oifig go mbeidh aon duine in ann sliocht oifigiúil a íoslódáil ó chlár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh ceardaíochta agus ***táirgí*** tionsclaíocha lena soláthraítear cruthúnas gur cláraíodh an tásc geografach, agus na sonraí ábhartha lena n-áirítear dáta an iarratais ar chlárú an táisc gheografaigh nó dáta tosaíochta eile. Féadfar an sliocht oifigiúil sin a úsáid mar dheimhniú barántúil in imeachtaí dlí, i gcúirt dlí, i gcúirt eadrána nó i gcomhlacht comhchosúil. | 1. Áiritheoidh an Oifig go mbeidh aon duine in ann sliocht oifigiúil a íoslódáil ***go héasca*** ó chlár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh ***táirgí*** ceardaíochta agus tionsclaíocha lena soláthraítear cruthúnas gur cláraíodh an tásc geografach ***nó gur diúltaíodh dó***, agus na sonraí ábhartha lena n-áirítear dáta an iarratais ar chlárú an táisc gheografaigh nó dáta tosaíochta eile. Féadfar an sliocht oifigiúil sin a úsáid mar dheimhniú barántúil in imeachtaí dlí, i gcúirt dlí, i gcúirt eadrána nó i gcomhlacht |

comhchosúil.

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an grúpa táirgeoirí is iarratasóir, nó i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 6(3), an táirgeoir aonair a shainaithint mar shealbhóir an chláraithe i gclár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh árthaí agus táirgí tionsclaíocha agus sa sliocht oifigiúil dá dtagraítear i mír (1) den Airteagal seo. | 2. Déanfar an grúpa táirgeoirí is iarratasóir, nó i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 6(3), an ***t-údarás arna ainmniú ag Ballstát nó comhroinn chríochach nó an*** táirgeoir aonair a shainaithint mar shealbhóir an chláraithe i gclár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh árthaí agus táirgí tionsclaíocha agus sa sliocht oifigiúil dá dtagraítear i mír (1) den Airteagal seo. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh grúpa táirgeoirí a bhfuil leas dlisteanach acu iarratas a dhéanamh ar leasú ar shonraíocht táirge de chuid táisc gheografaigh chláraithe a fhormheas. | 1. Féadfaidh grúpa táirgeoirí***, údarás inniúil nó táirgeoir aonair*** a bhfuil leas dlisteanach acu iarratas a dhéanamh ar leasú ar shonraíocht táirge de chuid táisc gheografaigh chláraithe a fhormheas. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***má bhíonn*** baol ann ***dá dheasca go gcuirfí*** an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ***ar neamhní;*** | (b) ***tá an*** baol ann ***go mbainfeadh*** an ***leasú an bonn den*** nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair***,*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas a bhfuil bunús cuí leis ó Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige ann, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun clárú táisc gheografaigh a chealú, sna cásanna seo a leanas: | 1. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas a bhfuil bunús cuí leis ó ***ghrúpa táirgeoirí táisc gheografaigh, ó*** Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige ann, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun clárú táisc gheografaigh a chealú, sna cásanna seo a leanas: |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás nár cuireadh táirge ar an margadh faoin tásc geografach ar feadh *7* mbliana as a chéile ar a laghad**.** | (b) i gcás nár cuireadh táirge ar an margadh faoin tásc geografach ar feadh ***5*** mbliana as a chéile ar a laghad***;*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) i gcás nach féidir a áirithiú a thuilleadh go bhfuil ceanglais shainmhíniú an táisc gheografaigh á gcomhlíonadh;*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh feidhm mutatis mutandis ag ***Airteagal 6*** agus ag ***Airteagal*** 19 go ***hAirteagal*** 25 maidir le nós imeachta an chealaithe. | 3. Beidh feidhm mutatis mutandis ag ***céimeanna na céime náisiúnta*** agus ag ***céim an Aontais mar a leagtar amach in Airteagail 6, 12 go 15, agus*** 19 go 25 maidir le nós imeachta an chealaithe. ***Seachas más é an tairbhí a iarrann an cealú, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta nó, i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 15, an Oifig an tairbhí ar an eolas faoin iarraidh sin.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh aon pháirtí i nós imeachta a rialaítear leis an Rialachán seo a ndéanann an cinneadh a rinne an Oifig sa nós imeachta sin dochar dó achomharc a thaisceadh leis na Boird Achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 34 i gcoinne an chinnidh. Ní bheidh éifeacht ag cinntí ***achomhairc*** na hOifige ach amháin ón dáta a rachaidh an tréimhse achomhairc dá dtagraítear i ***mír 3*** in éag. Beidh éifeacht fionraíochta ag comhdú an achomhairc. Beidh sé de cheart ag na Ballstáit freisin a ***bheith páirteach*** sa nós imeachta. | 1. Féadfaidh aon pháirtí i nós imeachta a rialaítear leis an Rialachán seo a ndéanann an cinneadh a rinne an Oifig sa nós imeachta sin dochar dó achomharc a thaisceadh leis na Boird Achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 34 i gcoinne an chinnidh. Ní bheidh éifeacht ag cinntí ***conspóidte*** na hOifige ach amháin ón dáta a rachaidh an tréimhse achomhairc dá dtagraítear i ***mír 3*** in éag. Beidh éifeacht fionraíochta ag comhdú an achomhairc. Beidh sé de cheart ag na Ballstáit freisin ***páirt*** a ***ghlacadh*** sa nós imeachta ***achomhairc***. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfar fógra achomhairc a chomhdú i scríbhinn ***ag*** an Oifig laistigh de dhá mhí ***ón dáta a dtugtar fógra faoin*** | 3. Déanfar ***an*** fógra achomhairc a chomhdú i scríbhinn ***leis*** an Oifig laistigh de dhá mhí ***ó dháta foilsithe an chinnidh***. |

| | |
|---|---|
| ***gcinneadh***. Measfar nach mbeidh an fógra comhdaithe go dtí go mbeidh an táille don achomharc íoctha. I gcás achomhairc, déanfar ráiteas i scríbhinn ina leagfar amach na forais achomhairc a chomhdú laistigh de ***4*** mhí ó dháta foilsithe an chinnidh. | Measfar nach mbeidh an fógra comhdaithe go dtí go mbeidh an táille don achomharc íoctha. I gcás achomhairc, déanfar ráiteas i scríbhinn ina leagfar amach na forais achomhairc a chomhdú laistigh de ***cheithre*** mhí ó dháta foilsithe an chinnidh. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Scrúdóidh na Boird Achomhairc an bhfuil an t-achomharc inghlactha.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tar éis inghlacthacht an achomhairc a scrúdú, déanfaidh na Boird Achomhairc cinneadh maidir leis an achomharc. Feidhmeoidh na Boird Achomhairc aon chumhacht laistigh d'inniúlacht rannán na dtásc geografach a bhí freagrach as an gcinneadh ***a ndearnadh achomharc ina choinne*** nó tarchuirfidh siad an cás chuig ***an*** rannán ***tásc*** geografach sin ***le haghaidh tuilleadh ionchúisimh***. Féadfaidh na Boird Achomhairc, ar a ***thionscnamh*** féin nó ar iarraidh i scríbhinn***,*** ó pháirtí, dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach dá dtagraítear in ***Airteagal 33***. Féadfaidh an Oifig seirbhísí idirghabhála a thairiscint de bhun Airteagal 170 de Rialachán (AE) 2017/1001, d'fhonn cabhrú leis na páirtithe teacht ar shocrú cairdiúil. | 5. Tar éis inghlacthacht an achomhairc a scrúdú, déanfaidh na Boird Achomhairc cinneadh maidir leis an achomharc. Feidhmeoidh na Boird Achomhairc aon chumhacht laistigh d'inniúlacht rannán na dtásc geografach ***dá dtagraítear in Airteagal 32,*** a bhí freagrach as an gcinneadh ***conspóidte,*** nó tarchuirfidh siad an cás chuig rannán ***na dtásc*** geografach sin. Féadfaidh na Boird Achomhairc, ar a ***dtionscnamh*** féin nó ar iarraidh ***réasúnaithe*** i scríbhinn ó pháirtí, dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach dá dtagraítear in ***Airteagal 33***. Féadfaidh an Oifig seirbhísí idirghabhála a thairiscint de bhun Airteagal 170 de Rialachán (AE) 2017/1001, d'fhonn cabhrú leis na páirtithe teacht ar shocrú cairdiúil. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfar caingne a thabhairt os comhair ***na Cúirte Ginearálta*** i gcoinne chinntí na mBord Achomhairc maidir le hachomhairc, laistigh de dhá mhí ó dháta ***foilsithe*** chinneadh na mBord Achomhairc, mar gheall ar shárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta, sárú ar ***CFAE***, sárú ar an Rialachán seo nó aon riail dlí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm nó le mí-úsáid cumhachta. Beidh an caingean oscailte d'aon pháirtí sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc a n-imríonn cinneadh an Bhoird drochthionchar air. Beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun an cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhní nó a athrú. | 6. Féadfar caingne a thabhairt os comhair ***Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh*** i gcoinne chinntí na mBord Achomhairc maidir le hachomhairc, laistigh de dhá mhí ó dháta ***a thabharfar fógra faoi*** chinneadh na mBord Achomhairc, mar gheall ar shárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta, sárú ar ***Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh***, sárú ar an Rialachán seo nó aon riail dlí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm nó le mí-úsáid cumhachta. Beidh an caingean oscailte d'aon pháirtí sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc a n-imríonn cinneadh an Bhoird drochthionchar air. Beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun an cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhní nó a athrú. |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Ní bheidh éifeacht ag cinntí ***ón mBord*** Achomhairc ach amháin ó dháta na tréimhse ***achomhairc*** a bheith caite nó, más rud é go bhfuil caingean tugtha os comhair na Cúirte Ginearálta laistigh den tréimhse sin, amhail ón dáta a dhífear caingean den sórt sin nó ó dháta aon achomhairc a chomhdaítear ***leis an gCúirt Bhreithiúnais*** i gcoinne an chinnidh ón gCúirt Ghinearálta. | 7. Ní bheidh éifeacht ag cinntí ***ó na Boird*** Achomhairc ach amháin ó dháta na tréimhse ***dá dtagraítear i mír 6*** a bheith caite nó, más rud é go bhfuil caingean tugtha os comhair na Cúirte Ginearálta laistigh den tréimhse sin, amhail ón dáta a dhífear caingean den sórt sin nó ó dháta aon achomhairc a chomhdaítear ***le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh*** i gcoinne an chinnidh ón gCúirt Ghinearálta. ***Glacfaidh an Oifig gach beart is gá chun breithiúnas na Cúirte Ginearálta nó, i gcás achomhairc i gcoinne an bhreithiúnais sin, breithiúnas na Cúirte*** |

| | |
|---|---|
| | ***Breithiúnais, a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le hainmneacha fearainn atá cláraithe faoi ainm fearainn barrleibhéil chóid tíre, arna riar nó arna mbainistiú ag clárlann atá bunaithe san Aontas, cuirfidh an Oifig córas faisnéise agus foláirimh ainmneacha fearainn ar fáil. Nuair a ***thíolacfar*** iarratas ar thásc geografach, cuirfidh an córas faisnéise agus foláirimh ***iarratasóirí*** ar ***thásc geografach ar*** an eolas faoi infhaighteacht a dtásc geografach mar ainm fearainn, agus ar bhonn roghnach a luaithe a chlárófar ainm fearainn ina bhfuil ainm comhionann nó ainm comhchosúil lena dtásc geografach (foláirimh faoi ainm fearainn). | 1. Maidir le hainmneacha fearainn atá cláraithe faoi ainm fearainn barrleibhéil chóid tíre, arna riar nó arna mbainistiú ag clárlann atá bunaithe san Aontas, cuirfidh an Oifig córas faisnéise agus foláirimh ainmneacha fearainn ar fáil. Nuair a ***chlárófar*** iarratas ar thásc geografach, cuirfidh an córas faisnéise agus foláirimh ***sealbhóirí cirt táisc gheografaigh*** ar an eolas faoi infhaighteacht a dtásc geografach mar ainm fearainn, agus ar bhonn roghnach a luaithe a chlárófar ainm fearainn ina bhfuil ainm comhionann nó ainm comhchosúil lena dtásc geografach (foláirimh faoi ainm fearainn). |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críocha ***mhír 1***, déanfaidh clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil ***cód*** tíre, atá bunaithe san Aontas, an fhaisnéis agus na sonraí ***go léir*** atá ina seilbh acu agus is gá chun an córas faisnéise agus foláirimh maidir ***leis an ainm*** fearainn a reáchtáil a chur ar fáil don Oifig. | 2. Chun críocha ***mhír 1***, déanfaidh clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil tíre, atá bunaithe san Aontas, an fhaisnéis agus na sonraí atá ina seilbh acu agus is gá chun an córas faisnéise agus foláirimh maidir ***le hainmneacha*** fearainn a reáchtáil a chur ar fáil don Oifig. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Tá mír 1 gan dochar don fhéidearthacht atá ag an Oifig an córas faisnéise agus foláirimh maidir le hainmneacha fearainn a leathnú chuig ainmneacha fearainn barrleibhéil eile arna riar agus arna mbainistiú ag clárlann atá bunaithe san Aontas, go háirithe ainmneacha fearainn cineálacha barrleibhéil. Sa chás sin, beidh feidhm mutatis mutandis ag mír 2 maidir leis na clárlanna ábhartha ainmneacha fearainn barrleibhéil.*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh painéal de thriúr comhaltaí cinntí cur in aghaidh agus cealaithe. Beidh cáilíocht dlí ag comhalta amháin ar a laghad. ***Déanfaidh*** comhalta aonair gach cinneadh eile dá dtagraítear i ***mír 1***. | 2. Déanfaidh painéal de thriúr comhaltaí cinntí cur in aghaidh agus cealaithe. Beidh cáilíocht dlí ***agus/nó cáilíocht theicniúil*** ag comhalta amháin ar a laghad. ***Féadfaidh*** comhalta aonair gach cinneadh eile dá dtagraítear i ***mír 1 a dhéanamh***. |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An*** Bord Comhairleach ***um Thásca Geografacha*** | Bord Comhairleach |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Bunaítear*** Bord Comhairleach chun tuairim a thabhairt i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Rialachán seo. | 1. ***Cuirfear*** Bord Comhairleach ***ar bun*** chun tuairim a thabhairt i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Rialachán seo. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh an*** Rannán ***Tásca Geografacha*** agus na Boird Achomhairc dá dtagraítear in ***Airteagal 32*** agus Airteagal 34, agus, arna iarraidh sin don Choimisiún, ***rachaidh siad*** i gcomhairle leis an mBord Comhairleach maidir le ***hiarratais aonair ag céim ar bith*** den nós imeachta scrúdúcháin, freasúra nó achomhairc dá dtagraítear in ***Airteagal 19, Airteagal*** 21 agus ***Airteagal 30 agus*** maidir ***leis na*** hábhair ***seo a leanas***: | 2. ***Rachaidh*** Rannán ***na dTásc Geografach*** agus na Boird Achomhairc dá dtagraítear in ***Airteagal 32*** agus ***in*** Airteagal 34, agus, arna iarraidh sin don Choimisiún, i gcomhairle leis an mBord Comhairleach maidir le ***ceisteanna a bhaineann le hiarratas ag aon chéim*** den nós imeachta scrúdúcháin, freasúra nó achomhairc dá dtagraítear in ***Airteagail 19,*** 21***, 22, 24, 28, 29*** agus ***30. Féadfar dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach freisin*** maidir ***le*** hábhair ***chothrománacha, amhail***: |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***clú agus*** cáil a bhunú; | (b) cáil a bhunú; |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cineál cineálach an ***ainm*** a | (c) cineál cineálach ***d'ainm*** an ***táisc*** |

| | |
|---|---|
| chinneadh; | ***gheografaigh*** a chinneadh; |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an ***measúnú ar iomaíocht chóir in idirbhearta tráchtála agus an*** baol go gcuirfí mearbhall ar thomhaltóirí i gcásanna coinbhleachta idir tásca geografacha agus trádmharcanna, comhainmneacha nó táirgí atá ann cheana a mhargaítear go dlíthiúil. | (d) an baol go gcuirfí mearbhall ar thomhaltóirí i gcásanna coinbhleachta idir tásca geografacha agus trádmharcanna, comhainmneacha nó táirgí atá ann cheana a mhargaítear go dlíthiúil. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) measúnú ar choinníollacha táirgthe agus ar an nasc idir an táirge agus a thionscnamh geografach;*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Rachaidh an*** Rannán ***Tásca Geografacha*** agus na Boird Achomhairc i gcomhairle leis an mBord Comhairleach maidir le clárú féideartha ***gach iarratais*** aonair a thíolacfar tríd an nós imeachta clárúcháin dhírigh dá dtagraítear in ***Airteagal 15***. | 3. ***Féadfaidh*** Rannán ***na dTásc Geografach dá dtagraítear in Airteagal 32*** agus***, mar is infheidhme,*** na Boird Achomhairc***, dá dtagraítear in Airteagal 34, dul*** i gcomhairle leis an mBord Comhairleach maidir le clárú féideartha ***na n-iarratas*** aonair ***ar fad*** a thíolacfar tríd an nós imeachta clárúcháin dhírigh dá dtagraítear in ***Airteagal 15***. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh an Bord Comhairleach comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát ***agus d'ionadaithe*** amháin ón gCoimisiún ***agus dá*** gcomhaltaí malartacha faoi seach. | 5. Beidh an Bord Comhairleach comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát***, ionadaí*** amháin ón gCoimisiún***, a*** gcomhaltaí malartacha faoi seach ***agus aon shaineolaí aitheanta i réimse na dtásc geografach (GInna) nó na catagóire táirgí lena mbaineann, lena n-áirítear ón saol acadúil agus ionadaithe réigiún***. |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Sonrófar na nósanna imeachta maidir le comhaltaí an Bhoird Chomhairligh a cheapadh agus oibriú an Bhoird sin ina rialacha nós imeachta mar a bheidh formheasta ag an mBord Bainistíochta agus poibleofar iad. | 8. Sonrófar na nósanna imeachta maidir le comhaltaí an Bhoird Chomhairligh a cheapadh agus oibriú an Bhoird sin ina rialacha nós imeachta mar a bheidh formheasta ag an mBord Bainistíochta ***arna dtionscnamh ag Airteagal 153 de Rialachán (AE) 2017/1001,*** agus poibleofar iad. |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar tásca geografacha a iontráiltear i gclár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh árthaí agus táirgí tionsclaíocha a chosaint ar na nithe seo a leanas: | 1. Déanfar tásca geografacha a iontráiltear i gclár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh árthaí agus táirgí tionsclaíocha ***chomh maith le tásc geografach atá cosanta ag comhaontú idirnáisiúnta san Aontas*** a chosaint ar na nithe seo a leanas: |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) aon úsáid dhíreach nó indíreach tráchtála a bhaintear as an tásc geografach maidir le táirgí nach gcumhdaítear faoin gclárú i gcás ina bhfuil na táirgí sin inchomparáide leis na táirgí atá cláraithe faoin ***ainm*** sin nó i gcás ina dtagann úsáid an ainm ***sin*** i dtír ar ***chlú an ainm atá faoi chosaint nó*** i gcás ina ***lagaítear*** nó ina ***gcaolaítear ar an ainm sin nó ina ndéantar dochar dá chlú***; | (a) aon úsáid dhíreach nó indíreach tráchtála a bhaintear as an tásc geografach maidir le táirgí nach gcumhdaítear faoin gclárú i gcás ina bhfuil na táirgí sin ***comhionann nó*** inchomparáide leis na táirgí atá cláraithe faoin ***tásc geografach*** sin nó i gcás ina dtagann úsáid an ainm i dtír ar ***an tásc geografach, lena n-áirítear*** i gcás ina ***bhfuil na táirgí sin ina bpáirt*** nó ina ***gcomhpháirt de tháirgí monaraithe***; |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon mhí-úsáid, aithris nó tabhairt chun cuimhne, fiú má léirítear fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí nó má aistrítear an ***t-ainm faoi chosaint*** nó má chuirtear frása leis amhail ***'ar nós',*** ***'***cineál***', '***modh***', '***mar a tháirgtear i***', '***aithris***', 'blas', '***cosúil le***'*** nó a leithéidí; | (b) aon mhí-úsáid, aithris nó tabhairt chun cuimhne, fiú má léirítear fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí nó má aistrítear***, má thras-scríobhtar nó má thraslitrítear*** an ***tásc geografach cláraithe,*** nó má chuirtear frása leis amhail ***'stíl', '***cineál***', '***modh***', '***mar a tháirgtear i***', '***aithris***', 'cumhrán', '***cosúil le***'*** nó a leithéidí***, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na táirgí sin ina bpáirt nó ina gcomhpháirt de tháirgí monaraithe***; |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) aon tásc bréagach nó míthreorach | (c) aon tásc bréagach nó míthreorach |

| | |
|---|---|
| eile maidir le foinse, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí sár-riachtanacha an táirge a úsáidtear ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta ***nó*** sna doiciméid nó san fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar ***shuíomhanna gréasáin*** a bhaineann leis ***an táirge áirithe***, chomh maith le pacáistiú ***an táirge*** i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a chur in iúl faoina thionscnamh; | eile maidir le foinse, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí sár-riachtanacha an táirge a úsáidtear ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta***,*** sna doiciméid nó san fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar ***chomhéadain ar líne nó cineálacha digiteacha eile*** a bhaineann leis ***na táirgí***, chomh maith le pacáistiú ***na dtáirgí nó ar ainmneacha fearainn*** i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a chur in iúl faoina thionscnamh; |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críocha mhír (1), pointe (b), beidh ann do thabhairt chun cuimhne táisc gheografaigh, go háirithe i gcás ina ndéantar le téarma, comhartha, nó suaitheantas lipéadaithe nó pacáistithe nasc díreach soiléir leis an táirge a chumhdaítear leis an tásc geografach cláraithe in intinn an ***tomhaltóra*** réasúnta cáiréiseach agus, ar an gcaoi sin, teacht i dtír ar chlú an ainm atá cláraithe nó i gcás ina lagaítear nó ina gcaolaítear ar an ainm cláraithe sin nó ina ndéantar dochar dá chlú. | 2. Chun críocha mhír (1), pointe (b), beidh ann do thabhairt chun cuimhne táisc gheografaigh, go háirithe i gcás ina ndéantar le téarma, comhartha, nó suaitheantas lipéadaithe nó pacáistithe nasc díreach ***atá*** soiléir ***go leor*** leis an táirge a chumhdaítear leis an tásc geografach cláraithe in intinn an ***ghnáth-thomhaltóra Eorpaigh atá*** réasúnta ***eolach agus réasúnta géarchúiseach agus*** cáiréiseach agus, ar an gcaoi sin, teacht i dtír ar chlú an ainm atá cláraithe nó i gcás ina lagaítear nó ina gcaolaítear ar an ainm cláraithe sin nó ina ndéantar dochar dá chlú. |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. beidh feidhm ag mír ***(1) freisin*** maidir le hainm fearainn ina bhfuil nó arb é atá ann an tásc geografach cláraithe. | 3. beidh feidhm ag mír ***1 freisin*** maidir le hainm fearainn ina bhfuil nó arb é atá ann an tásc geografach cláraithe ***laistigh de theorainneacha Airteagal 41***. |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá Airteagal 35 gan dochar d'úsáid táisc gheografaigh ***ag táirgeoirí, i gcomhréir le hAirteagal 43,*** lena ***chur*** in iúl go bhfuil, i dtáirge próiseáilte, mar pháirt nó mar chomhábhar, táirge arna ainmniú leis an tásc geografach sin, ar choinníoll go mbainfear leas as an úsáid sin i gcomhréir le cleachtais mhacánta tráchtála agus nach ***dtagann*** an ***úsáid sin i dtír ar chlú an*** táisc ***gheoghrafaigh, nach lagaítear*** ná nach gcaolaítear ***clú an táisc gheoghrafaigh sin*** ná nach ndéantar dochar dó. | 1. Tá Airteagal 35 gan dochar d'úsáid ***ainm*** táisc gheografaigh ***chosanta*** lena ***gcuirtear*** in iúl go bhfuil, i dtáirge próiseáilte, mar pháirt nó mar chomhábhar, táirge arna ainmniú leis an tásc geografach sin, ***nó go gcomhtháthaítear an táirge sin ann,*** ar choinníoll go mbainfear leas as an úsáid sin i gcomhréir le cleachtais mhacánta tráchtála***, go gcomhaontaítear í le sealbhóir cirt an tháisc gheografaigh*** agus nach ***lagaítear clú*** an táisc ***gheografaigh,*** ná nach gcaolaítear ***é*** ná nach ndéantar dochar dó. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní dhéanfar ainm*** a chlárú ***mar thásc geografach*** más rud é, i bhfianaise ***an chlú*** agus ***na cáile atá ar thrádmharc***, go bhféadfaí le clárú an ainm atá beartaithe mar thásc geografach an tomhaltóir a chur ar míthreoir maidir le fíorchéannacht an táirge. | ***Diúltófar d'iarratas ar thásc geografach*** a chlárú más rud é, i bhfianaise ***clú*** agus ***cáil trádmhairc***, go bhféadfaí le clárú an ainm atá beartaithe mar thásc geografach an tomhaltóir a chur ar míthreoir maidir le fíorchéannacht an táirge. |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Bainfidh an Oifig de chlár an Aontais aon tásc geografach a cláraíodh de shárú ar mhír 1.*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Fíoróidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh an grúpa táirgeoirí ar bhealach trédhearcach daonlathach agus go mbeidh an ceart chun ballraíocht sa ghrúpa ag táirgeoirí uile an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh oifigigh phoiblí agus páirtithe leasmhara eile amhail grúpaí tomhaltóirí, miondíoltóirí agus soláthraithe rannpháirteach in oibreacha an ghrúpa táirgeoirí. | 1. Fíoróidh na Ballstáit ***nó an Oifig i gcás iarratais dhírigh*** go ***tráthrialta go*** bhfeidhmeoidh an grúpa táirgeoirí ar bhealach trédhearcach ***neamh-idirdhealaitheach*** daonlathach agus go mbeidh an ceart chun ballraíocht sa ghrúpa ag táirgeoirí uile an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh oifigigh phoiblí agus páirtithe leasmhara eile amhail grúpaí tomhaltóirí, miondíoltóirí agus soláthraithe rannpháirteach in oibreacha an ghrúpa táirgeoirí. |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an tsonraíocht táirge a fhorbairt agus rialuithe inmheánacha a bhainistiú lena n-áirithítear go gcomhlíonann céimeanna táirgthe an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach, go gcomhlíonann siad an tsonraíocht sin; | (a) an tsonraíocht táirge a fhorbairt***, a mhodhnú*** agus rialuithe inmheánacha a bhainistiú lena n-áirithítear go gcomhlíonann céimeanna táirgthe an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach, go gcomhlíonann siad an tsonraíocht sin; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beart dlíthiúil a dhéanamh chun cosaint a áirithiú don tásc geografach agus do na cearta maoine intleachtúla atá | (b) beart dlíthiúil a dhéanamh ***agus an ceart a dhearbhú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin,*** chun |

| | |
|---|---|
| nasctha go díreach leis; | cosaint a áirithiú don tásc geografach agus do na cearta maoine intleachtúla atá nasctha go díreach leis***, agus chun aon bhearta atá díobhálach d'íomhá a dtáirgí, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh, a chosc nó a chomhrac***; |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) gníomhaíochtaí faisnéise agus tionscnaimh a ***fhorbairt*** a bheidh dírithe ar airíonna an táirge arna ainmniú le tásc geografach a chur in iúl do thomhaltóirí; | (ii) gníomhaíochtaí faisnéise agus tionscnaimh a ***scaipeadh*** a bheidh dírithe ar airíonna an táirge arna ainmniú le tásc geografach a chur in iúl do thomhaltóirí; |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) comhairle agus oiliúint a chur ar na táirgeoirí atá ann cheana agus ar na táirgeoirí a bheidh ann amach anseo***, lena n-áirítear maidir le príomhshruthú inscne agus comhionannas; agus*** | (v) comhairle agus oiliúint a chur ar na táirgeoirí atá ann cheana agus ar na táirgeoirí a bheidh ann amach anseo***;*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***comhrac a dhéanamh ar ghóchumadh*** agus úsáidí calaoiseacha amhrasta ***a bhaint as úsáid táisc gheografaigh,*** ar an margadh inmheánach***, lena n-ainmnítear táirgí*** nach bhfuil i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge***,*** trí | (e) ***góchumadh*** agus úsáidí calaoiseacha amhrasta ar an margadh inmheánach ***a chomhrac maidir le tásc geografach*** nach bhfuil i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge trí fhaireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an tasc |

| | |
|---|---|
| fhaireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an tasc geografach ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus ar mhargaí tríú tíortha ina bhfuil na tásca geografacha faoi chosaint, lena n-áirítear ar ***an idirlíon***, agus de réir mar is gá, na húdaráis forfheidhmithe a chur ar eolas trí úsáid a bhaint as na córais rúnda atá ar fáil. | geografach ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus ar mhargaí tríú tíortha ina bhfuil na tásca geografacha faoi chosaint, lena n-áirítear ***comhéadain*** ar ***líne***, agus de réir mar is gá, na húdaráis forfheidhmithe a chur ar eolas trí úsáid a bhaint as na córais rúnda atá ar fáil. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Áiritheoidh grúpaí táirgeoirí go gcomhlíonfaidh táirgeoirí laistigh den ghrúpa an tsonraíocht táirge ábhartha go leanúnach agus an t-ainm agus an tsiombail á n-úsáid acu sa mhargadh. Féadfaidh siad:*** |
| | ***(a) faireachán a dhéanamh ar úsáid tráchtála an táisc gheografaigh sa mhargadh;*** |
| | ***(b) gníomhaíochtaí bainteacha a fhorbairt lena áirithiú go gcomhlíonann táirge atá ainmnithe ag tásc geografach a shonraíocht táirge;*** |
| | ***(c) gníomhaíocht a dhéanamh chun cosaint dhlíthiúil leordhóthanach an táisc gheografaigh a áirithiú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 45(1) a chur ar an eolas.*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le clárú trádmhairc a sárófaí Airteagal 35 lena úsáid, diúltófar an clárú | 1. Maidir le clárú trádmhairc a sárófaí Airteagal 35 lena úsáid, diúltófar an clárú |

| | |
|---|---|
| sin má chuirtear isteach an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc sin tar éis an dáta a cuireadh an t-iarratas ar chlárú an táisc gheografaigh isteach chuig an gCoimisiún. | sin má chuirtear isteach an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc sin tar éis an dáta a cuireadh an t-iarratas ar chlárú an táisc gheografaigh isteach chuig an gCoimisiún. ***I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an Oifig aon tosaíocht a éilítear san iarratas ar thrádmharc seo san áireamh.*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an Oifig agus, nuair is infheidhme, na húdaráis náisiúnta inniúla***,*** trádmharcanna atá cláraithe de shárú ar mhír 1 ó bhail. | 2. Cuirfidh an Oifig agus, nuair is infheidhme, na húdaráis náisiúnta inniúla trádmharcanna atá cláraithe de shárú ar mhír 1 ó bhail***, arna iarraidh sin***. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Chun críocha mhír 1 agus mhír 4 den Airteagal seo, i gcás tásca geografacha a chláraítear de thoradh an ***nós*** imeachta a leagtar síos in ***Airteagal 6****7*, measfar gurb é an chéad lá cosanta, tar éis na hidirthréimhse bliana ón [dáta ***theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin seo], an lá ar chuir na Ballstáit an Oifig agus an Coimisiún ar an eolas. | 3. Chun críocha mhír 1 agus mhír 4 den Airteagal seo, i gcás tásca geografacha a chláraítear de thoradh an ***nóis*** imeachta a leagtar síos in ***Airteagal 6****7*, measfar gurb é an chéad lá cosanta, tar éis na hidirthréimhse bliana ón [dáta ***chur*** i bhfeidhm an Rialacháin seo], an lá ar chuir na Ballstáit an Oifig agus an Coimisiún ar an eolas. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh aon ***oibreoir*** atá ag | 1. Féadfaidh aon ***táirgeoir*** atá ag |

margú táirge ***a chomhlíonann*** an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach ***nó an doiciméad aonair nó a choibhéis sin*** úsáid a bhaint as tásc geografach cláraithe.

margú táirge ***atá i gcomhréir leis*** an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach úsáid a bhaint as tásc geografach cláraithe.

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le hoibiachtúlacht agus le neamhchlaontacht ar fáil, agus beidh ***an fhoireann*** cháilithe agus ***na hacmhainní is gá*** ar fáil dóibh chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. | 2. Cuirfidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le hoibiachtúlacht agus le neamhchlaontacht ar fáil, agus beidh ***foireann*** cháilithe ***leordhóthanach*** agus ***acmhainní leordhóthanacha*** ar fáil dóibh chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ***go héifeachtúil***. |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Féadfaidh na hoibreoirí a bheidh*** faoi réir na rialuithe sin ***íoc as na costais a bhaineann le fíorú ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge***. Féadfaidh na Ballstáit ranníocaíocht a dhéanamh ***freisin*** i leith na gcostas sin. | 6. ***Maidir leis na costais a bhaineann le comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhiorú, is iad na táirgeoirí atá*** faoi réir na rialuithe sin ***a íocfaidh iad***. Féadfaidh na Ballstáit ranníocaíocht a dhéanamh i leith na gcostas sin. ***Beidh aon mhuirir a ghearrfaidh Ballstát réasúnta, spreagfaidh siad iomaíochas na dtáirgeoirí a úsáideann na tásca geografacha agus tabharfar san áireamh leo staid micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide.*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 47*** | ***scriosta*** |
| ***Dícheall cuí*** | |
| ***Táirgeoirí a úsáideann an tásc geografach, áiritheoidh siad go gcomhlíonfar go leanúnach úsáid an ainm agus na siombaile sa mhargadh leis an tsonraíocht táirge ábhartha. Féadfaidh siad:*** | |
| ***(a) faireachán a dhéanamh ar úsáid tráchtála an táisc gheografaigh sa mhargadh;*** | |
| ***(b) gníomhaíochtaí bainteacha a fhorbairt lena áirithiú go gcomhlíonann táirge atá ainmnithe ag tásc geografach a shonraíocht táirge;*** | |
| ***(c) gníomhaíocht a dhéanamh chun cosaint dhlíthiúil leordhóthanach an táisc gheografaigh a áirithiú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 45(1) a chur ar an eolas.*** | |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás forfheidhmithe amháin nó níos mó ***ná sin***, arb é a d'fhéadfadh a bheith ann na húdaráis inniúla dá dtagraítear in ***Airteagal 46***(3)**,** atá freagrach as rialuithe sa mhargadh agus forfheidhmiú tásc geografach tar éis na céimeanna táirgthe uile a bheith déanta i ndáil leis an táirge arna ainmniú le tásc geografach***, bíodh an táirge sin á stóráil, á iompar, á leithdháileadh, á chur ar díol ar leibhéal mórdhíola nó miondíola lena n-áirítear ar ríomhthráchtáil***. | 1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás forfheidhmithe amháin nó níos mó, arb é a d'fhéadfadh a bheith ann na húdaráis inniúla dá dtagraítear in ***Airteagal 46***(3) atá freagrach as rialuithe sa mhargadh agus forfheidhmiú tásc geografach tar éis na céimeanna táirgthe uile a bheith déanta i ndáil leis an táirge ***ceardaíochta agus tionsclaíoch*** arna ainmniú le tásc geografach. |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an t-údarás ***forfheidhmiúcháin*** rialuithe, bunaithe ar anailís riosca agus ***fógraí ó tháirgeoirí leasmhara táirgí arna n-ainmniú ag tásca geografacha, d'fhonn comhréireacht*** leis an tsonraíocht táirge nó leis an doiciméad aonair nó a choibhéis a áirithiú. | 2. Déanfaidh an t-údarás ***forfheidhmithe*** rialuithe ***go tráthrialta***, bunaithe ar anailís riosca agus ***ar fhógraí, chun comhlíontacht*** leis an tsonraíocht táirge nó leis an doiciméad aonair nó a choibhéis a áirithiú. ***I gcás ina mbraitear neamhchomhlíonadh, glacfaidh an t-údarás inniúil na bearta uile is gá chun an cás a leigheas.*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Gan dochar d'Airteagal 46***, féadfaidh na Ballstáit féindearbhú a cheadú ***maidir le*** comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú. Cuirfidh an táirgeoir féindearbhú den sórt sin faoi bhráid na n-údarás inniúil ***dá dtagraítear in Airteagal 45***(1). | 1. ***Mar rogha mhalartach ar an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 46(3)***, féadfaidh na Ballstáit féindearbhú a cheadú ***chun*** comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú. Cuirfidh an táirgeoir féindearbhú den sórt sin faoi bhráid na n-údarás inniúil ***arna n-ainmniú faoi Airteagal 45***(1). |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do tháirgeoirí féindearbhú a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil uair amháin gach 3 bliana chun a gcomhréireacht leanúnach leis an tsonraíocht táirge a | 2. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do tháirgeoirí féindearbhú a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil uair amháin gach 3 bliana chun a gcomhréireacht leanúnach leis an tsonraíocht táirge a |

áirithiú ***sa mhargadh***. I gcás ina leasaítear nó ina n-athraítear an tsonraíocht táirge ar bhealach a dhéanfaidh difear don táirge lena mbaineann, déanfar an féindearbhú a athnuachan láithreach.

áirithiú. I gcás ina leasaítear nó ina n-athraítear an tsonraíocht táirge ar bhealach a dhéanfaidh difear don táirge lena mbaineann, déanfar an féindearbhú a athnuachan láithreach.

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina n-úsáidtear féindearbhuithe, déanfaidh ***údaráis*** inniúla rialuithe randamacha. I gcás sáruithe, déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun an cás a leigheas. | 3. I gcás ina n-úsáidtear féindearbhuithe, déanfaidh ***na húdaráis*** inniúla rialuithe randamacha. I gcás sáruithe, déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun an cás a leigheas. |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Leanfaidh*** an féindearbhú an ***struchtúr*** a leagtar amach in ***Iarscríbhinn 1*** agus beidh ***ann*** an fhaisnéis agus na ceanglais ***ar fad*** a shonraítear san Iarscríbhinn sin. | 4. ***Déanfar*** an féindearbhú ***trí úsáid a bhaint as*** an ***bhfoirm*** a leagtar amach in ***Iarscríbhinn 1*** agus beidh an fhaisnéis agus na ceanglais ***uile*** a shonraítear san Iarscríbhinn sin ***ann***. |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 66, lena leasaítear an Rialachán seo agus lena dtugtar isteach, nuair is ábhartha,*** modhnuithe ar an bhfaisnéis agus ar na | 5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 66 chun*** modhnuithe ar an bhfaisnéis agus ar na ceanglais a shonraítear in ***Iarscríbhinn 1 a leasú agus a thabhairt*** |

ceanglais a shonraítear in ***Iarscríbhinn 1***. | ***isteach, i gcás inarb ábhartha***.

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe b – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) neamhchlaonta agus saor ó aon choinbhleacht leasa agus go háirithe, ní bheidh sé i gcás ina bhféadfar, go díreach nó go hindíreach, dochar a dhéanamh do neamhchlaontacht a iompair ghairmiúil i ndáil le feidhmiú na gcúraimí sin maidir le rialú oifigiúil arna dtarmligean chuige; agus | (iii) Neamhchlaonta***, neamhspleách*** agus saor ó aon choinbhleacht leasa agus go háirithe, ní bheidh sé i gcás ina bhféadfar, go díreach nó go hindíreach, dochar a dhéanamh do neamhchlaontacht a iompair ghairmiúil i ndáil le feidhmiú na gcúraimí sin maidir le rialú oifigiúil arna dtarmligean chuige; agus |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe c – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) gníomhóidh siad go neamhchlaonta agus beidh siad saor ó aon choinbhleacht leasa maidir le feidhmiú na gcúraimí sin i ndáil le rialú oifigiúil arna dtarmligean chucu; agus | (iii) gníomhóidh siad go neamhchlaonta***, go neamhspleách*** agus beidh siad saor ó aon choinbhleacht leasa maidir le feidhmiú na gcúraimí sin i ndáil le rialú oifigiúil arna dtarmligean chucu; agus |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Poibleoidh an ***Coimisiún*** ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí deimhnithe táirgí dá dtagraítear in Airteagal 46(4) ***,*** agus tabharfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta ***go tráthrialta***. | 2. Poibleoidh an ***Oifig*** ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí deimhnithe táirgí dá dtagraítear in Airteagal 46(4) agus tabharfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta ***nuair a tharlaíonn athruithe***. |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** an Coimisiún tairseach dhigiteach a chur ar bun ina bpoibleofar ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí deimhnithe táirgí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. | 3. ***Déanfaidh*** an Coimisiún tairseach dhigiteach a chur ar bun ina bpoibleofar ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí deimhnithe táirgí ***lena n-áirítear daoine dlítheanacha*** dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir leis an gcreidiúnú dá dtagraítear i mír 1, is comhlacht creidiúnúcháin dá dtugtar aitheantas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, ar ball den Chreidiúnú Eorpach é, a dhéanfaidh an creidiúnú, é sin nó comhlacht creidiúnúcháin lasmuigh den Aontas ar ball den Fhóram Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin é. | 2. Maidir leis an gcreidiúnú dá dtagraítear i mír 1, is comhlacht creidiúnúcháin dá dtugtar aitheantas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, ar ball den Chreidiúnú Eorpach é, a dhéanfaidh an creidiúnú, é sin nó comhlacht creidiúnúcháin lasmuigh den Aontas ar ball den Fhóram Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin ***nó den Chomhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC)*** é. |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 1 – pointe 10**
Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Oifig ar an eolas faoin rogha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus taiscfidh sé an | Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Oifig ar an eolas faoin rogha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus taiscfidh sé an |

| | |
|---|---|
| iarraidh faoi seach ***laistigh de bhliain*** amháin ***tar éis*** Rialachán (AE) 2022/... ***a ghlacadh***.Tá feidhm ag an nós imeachta clárúcháin dá bhforáiltear in ***Airteagal 67***(3) de Rialachán (AE) ***2022/... mutatis mutandi.*** | iarraidh faoi seach ***faoin [bliain*** amháin ***ó dháta theacht i bhfeidhm*** Rialachán (AE) 2022/...***]***.Tá feidhm ***mutatis mutandis*** ag an nós imeachta clárúcháin dá bhforáiltear in ***Airteagal 67***(3) de Rialachán (AE) ***2022/…*** |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 1 – pointe 10**
Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sna himthosca dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann clárú idirnáisiúnta an ***t-ainmniúcháin*** tionscnaimh sin faoi Ionstraim na Ginéive, i gcás gur dhaingnigh an Ballstát sin Ionstraim na Ginéive nó gur aontaigh sé di de bhun an údaraithe dá dtagraítear in ***Airteagal 3*** de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle, laistigh de ***shé mhí*** ó dháta clárúcháin an táisc gheografaigh faoi Rialachán (AE) 2022/…**.** | Sna himthosca dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann clárú idirnáisiúnta an ***ainmniúcháin*** tionscnaimh sin faoi Ionstraim na Ginéive, i gcás gur dhaingnigh an Ballstát sin Ionstraim na Ginéive nó gur aontaigh sé di de bhun an údaraithe dá dtagraítear in ***Airteagal 3*** de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle, laistigh de ***bhliain amháin*** ó dháta clárúcháin an táisc gheografaigh faoi Rialachán (AE) 2022/… |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753
Airteagal 170a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Tá mír 1 gan dochar don fhéidearthacht atá ag an Oifig an córas faisnéise agus foláirimh maidir le hainmneacha fearainn a leathnú chuig ainmneacha fearainn barrleibhéil eile arna riar agus arna mbainistiú ag clárlann atá bunaithe san Aontas, go háirithe ainmneacha fearainn cineálacha*** |

| | |
|---|---|
| | ***barrleibhéil. Sa chás sin, beidh feidhm mutatis mutandis ag mír 2 maidir leis na clárlanna ábhartha ainmneacha fearainn barrleibhéil'.*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 64 – mír 1 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh an Oifig an córas digiteach sin ar fáil ar bhealach atá éasca le rochtain agus déanfaidh sí é a dhearadh sa chaoi is go mbeidh na Ballstáit in ann é a úsáid dá nós imeachta náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 11 (3a nua) agus Airteagal 18 (1).*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Scoirfidh cosaint shonrach náisiúnta do thásca geografacha ***árthaí*** agus ***táirgí*** tionsclaíocha de bheith ann ***faoin [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***. | 1. ***Faoin [dhá mhí dhéag tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** scoirfidh cosaint shonrach náisiúnta do thásca geografacha ***le haghaidh táirgí ceardaíochta*** agus tionsclaíocha de bheith ann***, agus féachfar ar iarratais ar feitheamh mar iarratais nár comhdaíodh iad***. ***Ar bhonn iarrata i gcomhréir le mír 2, féadfar síneadh a chur leis an gcosaint náisiúnta go dtí go mbeidh an nós imeachta clárúcháin de bhun mhír 3 tugtha chun críche agus go dtí go mbeidh an cinneadh críochnaitheach.*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin ***[sé mhí*** tar éis dháta ***theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit leasmhara in iúl don Choimisiún agus don Oifig cé acu ainmneacha atá faoi chosaint dlí nó sna Ballstáit nach bhfuil aon chóras cosanta iontu, cé acu ainmneacha arna mbunú de réir úsáide is mian leo a chlárú agus a chosaint de bhun an Rialacháin seo. | 2. Faoin ***[bliain amháin*** tar éis dháta ***chur*** i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit leasmhara in iúl don Choimisiún agus don Oifig cé acu ainmneacha atá faoi chosaint dlí nó***,*** sna Ballstáit nach bhfuil aon chóras cosanta iontu, cé acu ainmneacha arna mbunú de réir úsáide is mian leo a chlárú agus a chosaint de bhun an Rialacháin seo. |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Gan dochar do mhír 1, coinneofar cosaint náisiúnta na n-ainmneacha arna gcur in iúl i gcomhréir le mír 2 go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le clárú. Féadfaidh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 30.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh na Ballstáit incháilithe an fhaisnéis ***a iarrtar in Airteagal 15 ar fáil*** don Choimisiún faoin [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ***d'fhonn*** an nós imeachta "cláraithe dhírigh" ***a roghnú***. Ar bhonn na faisnéise a fhaightear, glacfaidh an Coimisiún Cinneadh maidir leis an gceart atá ag an mBallstát lena mbaineann an nós imeachta "cláraithe dhírigh" a roghnú agus dá bhrí sin, gan údarás náisiúnta a ainmniú le | 2. Cuirfidh na Ballstáit incháilithe an fhaisnéis don Choimisiún faoin [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ***mura mian leo a bheith páirteach agus má roghnaíonn siad*** an nós imeachta "cláraithe dhírigh". Ar bhonn na faisnéise a fhaightear, glacfaidh an Coimisiún Cinneadh maidir leis an gceart atá ag an mBallstát lena mbaineann an nós imeachta "cláraithe dhírigh" a roghnú agus dá bhrí sin, gan údarás náisiúnta a ainmniú le |

| | |
|---|---|
| haghaidh bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta na nósanna imeachta chun na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, a leasú agus a chur ar ceal dá dtagraítear in Airteagal 15. | haghaidh bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta na nósanna imeachta chun na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, a leasú agus a chur ar ceal dá dtagraítear in Airteagal 15. |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 70 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón ***1 Eanáir 2024***. | Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón ***1 Eanáir 2025, cé is moite d'Airteagal 26(8) agus d'Airteagal 66, a mbeidh feidhm acu ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***. |

# NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2022)0174 – C9-0148/2022 – 2022/0115(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>18.5.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>18.5.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Dita Charanzová<br>19.7.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 26.10.2022 29.11.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 35<br>–: 0<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Adam Bielan, Deirdre Clune, David Cormand, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Morten Løkkegaard, Adriana Maldonado López, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria da Graça Carvalho, Malte Gallée, Ivars Ijabs, Sven Mikser, Tsvetelina Penkova, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Adam Jarubas, Camilla Laureti, Bogdan Rzońca, Loránt Vincze |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 35 | + |
|---|---|
| NI | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Maria da Graça Carvalho, Deirdre Clune, Adam Jarubas, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Loránt Vincze, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Ivars Ijabs, Morten Løkkegaard, Róża Thun und Hohenstein, Marco Zullo |
| S&D | Alex Agius Saliba, Maria Grapini, Camilla Laureti, Adriana Maldonado López, Sven Mikser, Leszek Miller, Tsvetelina Penkova, Christel Schaldemose |
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | David Cormand, Malte Gallée, Alexandra Geese, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Beata Mazurek, Bogdan Rzońca, Kosma Złotowski |
| ID | Jean-Lin Lacapelle |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh